# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
# 2020

An tÚdarás Póilíneachta
Policing Authority

# Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Póilíneachta 2020

**De réir Alt 620 (1) d'Acht an Gharda Síochána 2005 (arna leasú) agus de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú**

## Clár na nÁbhar


**Ráiteas an Chathaoirligh** ... iii

**Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh ar an mBliain** ... vi

**1. Athbhreithniú an Údaráis Póilíneachta 2020** ... 1

**2. An Obair a dhéanann an tÚdarás Póilíneachta** ... 2

**3. Dul chun cinn i gcomparáid le Cuspóirí Straitéiseacha** ... 4

**4. Gné-alt: Maoirseacht ar Phóilíneacht le linn COVID-19** ... 12

**5. Rialachas agus Struchtúr** ... 16

**6. Faisnéis Airgeadais** ... 29

**Aguisín 1 - Stádas Thosaíochtaí Corparáideacha 2020 ar an 31 Nollaig 2020** ... 32

**Aguisín 2 - Staitisticí Comórtais do Cheapacháin Shinsearacha an Gharda Síochána2020** ... 45

**Aguisín 3 - Tuarascáil Airgeadais Achomair 2020** ... 46


**Aguisín 4 - Ráiteas ar Rialú Inmheánach an Chathaoirligh** ... 47


**Aguisín 5 - Úsáid Fuinnimh 2020** ... 50

***"…. comhlacht a bhunú ar a dtabharfar An tÚdarás Póilíneachta nó, i mBéarla, the Policing Authority chun críche maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh fheidhmeanna An Gharda Síochána a bhaineann le seirbhísí póilíneachta."***

*Reachtaíocht bhunaithe an Údaráis Póilíneachta*







## Ráiteas an Chathaoirligh

Ní raibh duine ar bith ag súil go bhféadfadh an t-éigeandáil sláinte, a raibh a himpleachtaí ag éirí níos soiléire de réir a chéile agus an ráiteas do Thuarascáil Bhliantúil 2019 á scríobh, a bheith ina réaltacht chomh scanrúil i saol gach duine i gcónaí. Ach, bhí an lámh in uachtar aige ar bheagnach gach gné de shaol an phobail ó shin. Tá cur síos déanta ag an Údarás ar a chuid oibre maidir le póilíneacht COVID-19 in go leor tuarascálacha don Aire agus ina dhá mheasúnú ar fheidhmíocht póilíneachta do 2020.

Ní féidir COVID-19 a fhágáil ar lár áfach sa Tuarascáil Bhliantúil seo ná sna focail seo. D'aithin an tÚdarás ón tús go gcaithfeadh sé a chuid oibre maoirseachta ar an nGarda Síochána a chothabháil agus a neartú, nuair is féidir, sna himthosca nua seo. D'éiligh na cumhachtaí eisceachtúla, a tugadh do na Gardaí sa reachtaíocht éigeandála, freagra comhréireach i dtéarmaí maoirseachta. Chuir an tÚdarás, i gcomhpháirt leis an oiread sin comhlachtaí poiblí eile, a chleachtais oibre in oiriúint do na réaltachtaí nua agus thairg sé cuid dá fhoireann a chur ar fáil don ghnáthfhreagairt seirbhíse poiblí ar an bpaindéim.

B'fhéidir gurbh í an ghné ba shuntasaí d'obair an Údaráis i rith na bliana ná a fhor-rochtain ar na comhlachtaí poiblí, neamhrialtasacha agus pobail a oibríonn le daoine leochaileacha agus leo siúd a bhfuil tacaíocht ag teastáil uathu. Cleachtadh toradh na hoibre sin go maith sa dá thuarascáil déag ar phóilíneacht le linn COVID-19 a cuireadh faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt cheana féin. Ach is fiú machnamh a dhéanamh air anseo, mura mbeadh ann ach mar eolas. Bhí luach thar a bheith suntasach ar obair an Gharda Síochána ar fud an phobail, ag formhór na ndaoine. Moladh go huilíoch an guth nua dhlúthpháirtíochta, ar bhonn cóimheasa, tuisceana agus tacaíochta.

Léirigh an tÚdarás freisin, mar is ceart, eispéiris na ndaoine nach raibh chomh dearfach sin. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí cluas do na guthanna sin agus go n-admhaítear a mbailíocht. Léirigh an dá thuarascáil is déanaí in 2021 athrú ón meas suáilceach a bhí ann roimhe seo agus beidh aird faoi leith air sin inár gcuid oibre amach anseo. Is é an dúshlán a bheidh roimh an gCoimisinéir agus a chomhghleacaithe na gnóthachtálacha dearfacha a baineadh amach in 2020 a choinneáil agus aon imeacht uathu a ghabháil, is cuma cén brú agus strus carntha a bhí ann i mbliain a bhí an-deacair.

Ó bunaíodh é, bhí spéis mhór ag an Údarás sna himpleachtaí don ilchineálacht mhéadaitheach i ndaonra na hÉireann ó thaobh na póilíneachta. Bhí fócas faoi leith ar an téama seo in 2020 agus beidh tábhacht speisialta aige san obair i gcónaí. Féachann sé ar an dúshlán mar dhúshlán leathan a bhfuil go leor gnéithe ag baint leis. Is dúshlán ann féin é castacht choincheap na hilchineálachta ina chomharthaí go léir - inscne, cine, eitneachas, déimeagrafach, sóisialta, eacnamaíoch, aicme srl. Ach maidir le póilíneacht agus a mhaoirseacht, tá dhá ghné nó trí eile ann.

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an Garda Síochána ionadaitheach ar an bpobal ar fad chomh tapa agus is féidir. Ní tasc éasca é seo agus tógfaidh sé am. Ach is gné ríthábhachtach í. Go ró-mhinic, tá fócas teoranta ag an dioscúrsa poiblí ar ilchineálacht agus, ó thaobh athruithe le déanaí i gcomhdhéanamh an daonra, is féidir fócas ró-chúng a bheith aige ar ilchineálacht eitneach. Is dúshlán i bhfad níos leithne agus i bhfad níos doimhne é don phóilíneacht. Maidir le nádúr na póilíneachta féin, eispéireas na póilíneachta atá ag daoine, an íogaireacht i leith difríocht cultúrtha, oscailteacht i dtaobh na bhfreagraí atá ag athrú - tá siad seo thar a bheith tábhachtach agus d'fhéadfadh siad a bheith níos cumhachtaí ná go leor cineálacha eile idirghabhála chun grúpaí tearcionadaithe a mhealladh chun acmhainneacht gairme sa phóilíneacht agus an tseirbhís póilíneachta, an Garda Síochána, a fheiceáil mar áit ar mhaith leo a bheith ag obair. Leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag tabhairt aird ghéar ar na saincheisteanna seo.

Gné eile a raibh spéis ar leith ag an Údarás ann ná réaltacht na coireachta gnéis agus an fhoréigin teaghlaigh. Mar aon leis an ilchineálacht, tá tionscnaimh thábhachtacha tógtha ag an nGarda Síochána ach tá go leor oibre le déanamh fós. Chuir roinnt cásanna cúirte an-suaiteacha, torthaí tábhachtacha taighde, ciontuithe tábhachtacha, mar shampla maidir le smacht comhéigneach, agus fianaise ar fhoréigean leanúnach in aghaidh na mban, béim ar thábhacht na hoibre seo do chomhlacht maoirseachta.

Ba fhorbairt an-tábhachtach é leathnú na nAonad Seirbhísí Cosanta chuig gach Rannán Garda in 2020 agus bhí an-chumas ann tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh agus na coireanna seo a chosc. Ar an gcaoi chéanna, is mór againn an anailís dhlúth atá á déanamh ag an nGarda ar na cúiseanna atá leis an leibhéal íseal brathadóireachta rathúil i gcoireanna gnéis. Bhí spéis ag an Údarás i mbrathadóireacht agus leanfaidh sé lena mhaoirseacht dhlúth, agus a thacaíocht leanúnach, sa réimse seo.

Léiríonn rannpháirtíocht an Údaráis leis an gClár Athstiúrtha Óige, a clúdaíodh i dtuarascálacha roimhe seo, a fhócas ar leochaileacht leanaí. Is meabhrúchán beoga agus duáilceach a bhí i ndúnmharú corraitheach déagóra, go luath sa bhliain anuraidh, meabhrúchán nach bhfuil meas ar bith ag dronganna neamhscrupallacha ar leanaí neamhaibí. A mhalairt ar fad, feiceann siad deis chun iad a mhealladh ar bhealach na coireachta. Léirigh na tuarascálacha COVID-19 go bhfuil méadú ag teacht i gcónaí ar líon na leanaí atá á dtarraingt isteach i saol na ndrugaí mar úsáideoirí agus mar chomhchoirí agus iad a nochtadh, agus a dteaghlaigh, don chontúirt imeaglaithe atá ann i gcónaí. Leanfar le spéis ar leith an Údaráis sa réimse oibre ríthábhachtach seo. Agus leanfaidh sé ag déanamh monatóireacht ar chur i bhfeidhm, ag an nGarda Síochána, na moltaí i dtuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána ar Dhrochúsáid Ghnéasach Leanaí. Maidir leis seo d'oibrigh sé go dlúth leis an nGrúpa Forfheidhmithe agus tuairisceoidh sé go rialta don Aire nuair a bheidh obair an Ghrúpa sin críochnaithe.

Thug an tÚdarás aird fhorleathan ar Dhréacht-Scéim Ghinearálta an Bhille chun éifeacht a thabhairt do chinneadh an Rialtais glacadh le moltaí an Choimisiúin maidir le Todhchaí na Póilíneachta. Bhí an obair sin, agus na haighneachtaí a bhain léi chuig an Roinn, faoi rún. De réir mar a scríobhtar na focail seo tá an dréacht-Scéim deiridh le cur faoi bhráid an Rialtais go luath lena cheadú agus ag an bpointe sin rachaidh sé isteach sa phróiseas Parlaiminte agus beidh gné níos poiblí aige. Tabharfaidh an tÚdarás freagra iomlán agus cuiditheach ar na tograí ina bhfoirm deiridh.

Bhreithnigh agus rinne an tÚdarás aighneachtaí freisin ar dhréacht-reachtaíocht maidir le Cumhachtaí Póilíní agus maidir le Taifeadadh Digiteach. Críochnaíodh an tAthbhreithniú ar Dhúnbhású agus an t-athbhreithniú ar láimhseáil samplaí DNA ag deireadh 2020 freisin. Tá go leor obair mhaith déanta ar an dá ábhar agus fillfidh an tÚdarás ar an dá cheann ag eatraimh chun a chinntiú go ndéantar an méid dul chun

cinn agus is féidir ar an méid a tionscnaíodh. Glacfar cur chuige cosúil leis san athbhreithniú ar oibriúchán an phróisis Rabhadh Aosach a cuireadh i gcrích anuraidh freisin.

Ba díol sásaimh don údarás, agus choinnigh sé suim ar leith ann, an cinneadh a rinne an Coimisinéir Aonad Frith-Éillithe a bhunú sa Gharda Síochána. Is tionscnamh an-tábhachtach é seo, a tugadh le fios den chéad uair go luath ina théarma oifige. Tacófar leis an mbéim ar ardchaighdeáin, ar dhéileáil go hiomchuí le hiompar do-ghlactha agus ar thábhacht lárnach an Chóid Eitice agus beidh sé faoi réir maoirseacht leanúnach.

Mar a tharla ón tús, bhí spéis leanúnach ag an Údarás i rith na bliana 2020 i bhfolláine na ndaoine atá ag obair sa Gharda Síochána. Léirigh paindéim COVID-19 go soiléir na rioscaí a bhaineann le póilíneacht i gcónaí. Léiríonn imeachtaí a tharla le déanaí, cé go bhfuil siad lasmuigh den tréimhse atá faoi athbhreithniú, na contúirtí a bhíonn roimh Ghardaí. Cáineadh na hionsaithe foréigneacha le seachtainí beaga anuas mar is ceart, ach meabhraíonn siad dúinn an luach atá ar sheirbhís póilíneachta i sochaithe daonlathacha. Is mar gheall ar an ról tábhachtach sin, mar gheall ar na cumhachtaí a infheistíonn an pobal sa Gharda Síochána, agus mar gheall ar thábhacht na cuntasachta, nach mór a bheith i gcónaí in éineacht le cumhachtaí den sórt sin, go mbeidh lánacmhainneacht na maoirseachta ina threoir don Údarás i gcónaí.

Níl le déanamh anois ach buíochas ó chroí a ghabháil le comhghleacaithe ar an Údarás as a dtiomantas, buíochas ar leith a ghabháil leis na comhaltaí sin a d’fhág an tÚdarás ag deireadh 2020 chomh maith le triúr comhghleacaithe a d’imigh roimhe seo agus a bhí mar chuid de bhunús na hoibre maoirseachta, agus fáilte a chur roimh an gceathrar comhaltaí nua a tháinig isteach an mhí seo caite. Gabhaim buíochas freisin leis an bPríomhfheidhmeannach agus leis an bhfoireann go léir as an obair eisceachtúil agus gairmiúil a rinne siad i mbliana ach go háirithe.

**Bob Collins**
**31 Márta 2021**

## Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh ar an mBliain

Bhí 2020 uathúil ar go leor bealaí, le dúshláin nach bhféadfaí a thuar. D'aithin an tÚdarás go luath sa phaindéim go mbeadh ról an-suntasach ag an nGarda Síochána sa fhreagairt náisiúnta ar an éigeandáil sláinte. D'aithníomar freisin go mbeadh tábhacht níos mó fós ag baint le maoirseacht ar phóilíneacht agus ar fheidhmíocht póilíneachta le linn na tréimhse seo.

Nuair a chuaigh an tír faoi dhianghlasáil i lár mhí an Mhárta, lean obair agus maoirseacht an Údaráis gan stopadh, in ainneoin gur athraigh cuid mhór den obair go dtí cianobair. Thug an méadú suntasach ar na cumhachtaí a tugadh don Gharda Síochána chun póilíneacht a dhéanamh ar shrianta COVID-19 spreagadh breise dár gcuid oibre. Bhí agus tá maoirseacht thráthúil, leanúnach agus thrédhearcach tábhachtach i gcónaí chun dearbhú a thabhairt go bhfuil na cumhachtaí sin á n-úsáid go comhréireach agus ar bhealach atá comhsheasmhach le hionchais an phobail. Mar a d'iarr an tAire Dlí agus Cirt, sholáthair an tÚdarás maoirseacht bhreise ar phóilíneacht le linn 2020 agus cuireadh deich dtuarascáil ar fheidhmíocht póilíneachta COVID-19 ar fáil agus foilsíodh iad.

Chuir ár gcur chuige maoirseachta leis an obair a rinneadh blianta roimhe seo agus cuireadh in oiriúint é agus leathnaíodh é do na dúshláin nua a cuireadh i láthair. Ba bhliain an-ghnóthach agus an-deacair a bhí inti le níos mó cruinnithe Údaráis ná riamh, 63 ceapachán sinsearach sa Gharda Síochána, agus clár cuimsitheach obair allamuigh agus rannpháirtíochta chun bonn eolais a chur faoi mhaoirseacht feidhmíochta póilíneachta thar raon ábhar. I measc cuid de na príomhshruthanna oibre a tháinig chun cinn le linn 2020 bhí:

- Cur chuige nua maidir le for-rochtain agus rannpháirtíocht an phobail agus na bpáirtithe leasmhara;
- Seoladh treoirthionscadal, ag baint leasa as teicneolaíocht chun rannpháirtíocht struchtúrtha agus comhairliúchán maidir leis na Tosaíochtaí Póilíneachta a éascú;
- Taighde agus rannpháirtíocht acadúil maidir le cearta leanaí;
- Naisc ghníomhacha a fhorbairt le comhlachtaí maoirseachta eile sa bhaile agus thar lear;
- Maoirseacht leanúnach ar chur i bhfeidhm an Gharda Síochána maidir leis na moltaí san athbhreithniú ar aicmiú dúnbhásuithe agus ar cháilíocht an imscrúdaithe dúnbhásaithe a foilsíodh in 2020; agus
- Obair shuntasach i gcomhar leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar an bpróiseas chun beirt Leas-Choimisinéirí nua a roghnú agus a ainmniú don Rialtas.

Leagtar amach inár Ráiteas Straitéise 2019-2021 conas a leanfaidh an tÚdarás dá phríomhfheidhm reachtúil a chur i bhfeidhm maidir le maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht póilíneachta agus léiríonn ár dtosaíochtaí corparáideacha do 2020 conas a bhainimid na haidhmeanna sin amach. Agus mé ag obair i gcomhar le Comhaltaí an Údaráis agus an Choiste, tá áthas orm a thuairisciú go bhfuil dul chun cinn eisceachtúil déanta ag an bhfoireann Feidhmiúcháin maidir le tacú le hobair an Údaráis agus an clár uaillmhianach oibre atá leagtha amach inár dTosaíochtaí Corparáideacha 2020 a bhaint amach.

Tá cuid dár bpríomhghnóthachtálacha i rith na bliana luaite thíos agus tá stádas iomlán na ngnóthachtálacha i gcomparáid lenár dTosaíochtaí Corparáideacha 2020 le fáil in Aguisín 1.

Spléachadh ar an obair:

- Eagraíodh fiche a haon cruinniú Údaráis in 2020. As an aon cheann déag a eagraíodh le Coimisinéir an Gharda Síochána, cuireadh cúig cinn díobh ar fáil don phobal trí bheoshruthú ar an idirlíon agus tá siad ar fáil ar shuíomh idirlín an Údaráis.

- Tugadh faoi chomórtais roghnúcháin agus bunaíodh trí phainéal iarrthóirí le ceapadh ar chéimeanna an Choimisinéara Cúnta, an Ard-Cheannfoirt agus an Cheannfoirt faoi seach.
- Rinneadh clár cuimsitheach cruinnithe le páirtithe leasmhara, agus le haonaid an Gharda Síochána agus le sainfhoirne, agus rinneadh athbhreithniú ar dhul chun cinn na 27 tionscnamh uile i bPlean Póilíneachta 2020.
- Foilsíodh dhá mheasúnú leathbhliantúil ar Fheidhmíocht Póilíneachta.
- Bhí caidreamh níos doimhne le príomhpháirtithe leasmhara, Comhchoistí Póilíneachta agus an Garda Síochána trí chruinnithe, imeachtaí agus cuairteanna suímh.
- Taispeántar achoimre d'éachtaí an Údaráis sa bhliain 2020 san Athbhreithniú ar an mBliain 2020 ar leathanach 1. Mar a léirítear sa phíchairt, tugadh 67% de na tosaíochtaí corparáideacha chun críche ina n-iomláine, níor tugadh 10% díobh chun críche, tugadh 9% chun críche a mhéid agus ab fhéidir agus níor tugadh 14% acu chun críche mar gheall ar COVID-19. Léirítear stádas na ngnóthachtálacha i gcomórtas leis na táscairí feidhmíochta i dTosaíochtaí Corparáideacha 2020 an Údaráis níos mionsonraithe in Aguisín 1.
- Chuir an tÚdarás le clár an Rialtais maidir le hathchóiriú póilíneachta, trí aighneachtaí a rinneadh chuig an Roinn Dlí agus Cirt, lena n-áirítear aighneacht ar an mBille Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail san áireamh.
- Rinne an tÚdarás monatóireacht ar nuachóiriú agus ar athchóiriú an Gharda Síochána agus thacaigh leo.
- Eagraíodh imeacht Acadúil dírithe ar leanaí agus iontaobhas agus muinín sna póilíní
- Forbraíodh cumas an Údaráis i réimse Chearta an Duine, trí shraith seisiún oiliúna a thug an Dr Vicky Conway don fhoireann ar fad, agus ba mhaith liom mo bhuíochas pearsanta a ghabháil léi as an oiliúint agus as an deis rannpháirtíochta a thug sí don eagraíocht.


Bhí cuid shuntasach de mheasúnú an Údaráis ar fheidhmíocht phóilíneachta indéanta mar gheall ar rannpháirtíocht dhearfach go leor d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus comhlachtaí reachtúla a roinn a gcuid ama go fial leis an Údarás chun cabhrú lenár dtuiscint ar eispéireas an phobail ar phóilíneacht a fhorbairt. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo arís as a dtacaíocht agus a bhflaithiúlacht agus táim ag súil le leanúint leis an rannpháirtíocht sin in 2021 agus ina dhiaidh sin.

Mar is léir ón tuarascáil seo, lean an tÚdarás ar aghaidh ag déanamh a dícheall agus ag gnóthachtáil an oiread agus níorbh fhéidir é seo a dhéanamh murach tiomantas, dílseacht agus gairmiúlacht chomhaltaí an Údaráis agus na foirne Feidhmiúcháin. Arís ba mhaith liom buíochas a ghabháil le m'fhoireann as a ngairmiúlacht leanúnach, a sofhreagrúlacht agus a gcumas dul in oiriúint do thimpeallacht oibre athraithe gan aon laghdú ar a bhfeidhmíocht. Chuir sé seo ar chumas na heagraíochta leanúint le maoirseacht neamhspleách sheachtrach ar phóilíneacht in Éirinn a sholáthar. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Comhaltaí an Údaráis as a bpaisean agus a dtiomantas mar gheall ar an mbealach a leanadar ar aghaidh ag tacú agus ag spreagadh na foirne Feidhmiúcháin le linn 2020.

Fuaireamar tacaíocht den scoth freisin ón Roinn Dlí agus Cirt, ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus ó ghníomhaireachtaí eile sa chóras ceartais choiriúil, agus táim fíor-bhuíoch as sin. In 2021, leanfaimid orainn ag comhlíonadh ár bhfeidhmeanna reachtúla, agus ról á imirt againn in éabhlóid Údarás sa todhchaí, mar atá leagtha amach i gclár an Rialtais maidir le hathchóiriú póilíneachta.

**Helen Hall**
**31 Márta 2021**

## 1. Athbhreithniú an Údaráis Póilíneachta 2020



## 2. An Obair a dhéanann an tÚdarás Póilíneachta

Is gníomhaireacht neamhspleách é an tÚdarás Póilíneachta a bunaíodh ar an 1 Eanáir 2016. Is é an príomhról atá aige maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána maidir lena fheidhmeanna a bhaineann le seirbhísí póilíneachta.

Bunaíodh an tÚdarás trí achtú Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2015 lena leasaítear Acht an Gharda Síochána 2005. Déantar foráil san Acht maidir le raon leathan feidhmeanna don Údarás, cuid acu a raibh an Rialtas nó an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais freagrach astu roimhe seo. Tá an raon iomlán feidhmeanna ar fáil ar shuíomh idirlín an Údaráis.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Údarás Póilíneachta:

- Tosaíochtaí agus spriocanna feidhmíochta a leagan síos don Gharda Síochána;
- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar fheidhmiú an Gharda Síochána ar a chuid fheidhmeanna;
- Daoine a ainmniú le ceapadh ag an Rialtas i bpoist Choimisinéir an Gharda Síochána agus Leas-Choimisinéir an Gharda Síochána, i ndiaidh próiseas roghnúcháin a bheith curtha i gcrích ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí;
- Comórtais roghnúcháin a reáchtáil le haghaidh ceapachán ag na céimeanna seo a leanas - Coimisinéir Cúnta, Ard-Cheannfort agus Ceannfort an Gharda Síochána;
- Céimeanna agus gráid shinsearacha áirithe a cheapadh agus a bhaint sa Gharda Síochána;
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar bhearta déanta ag an nGarda Síochána i ndáil le moltaí a rinneadh i dtuarascálacha Chigireacht an Gharda Síochána;
- Faisnéis agus comhairle a chur ar an Aire Dlí agus Cirt; agus
- Prionsabail phóilíneachta agus feasacht phoiblí maidir le nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta a chur chun cinn agus tacú le feabhas leanúnach na póilíneachta sa Stát.


Cé go bhfuil an tÚdarás freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht sheirbhísí póilíneachta an Gharda Síochána, faoi alt 26(3) d'Acht an Gharda Síochána 2005, tá Coimisinéir an Gharda Síochána cuntasach don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais chomh fada is a bhaineann le feidhmíocht fheidhmeanna an Choimisinéara agus an Gharda Síochána.

# Ár Misean

Is é **ár misean** obair phóilíneachta den scoth a chur chun cinn trí mhaoirseacht agus rialachas atá éifeachtach agus a bhfuil meas orthu.

**Tá ár luachanna tábhachtach dúinn. Is *léiriú* iad ar ár gcultúr agus ár n-aitheantas lárnach agus tugann siad *treoir* dúinn chun nithe a bhaint amach.**

# Na luachanna atá againn



## 3. Dul chun cinn i gcomparáid le Cuspóirí Straitéiseacha

Cuireadh Ráiteas Straitéise an Údaráis Póilíneachta 2019-2021 faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt ar an 16 Eanáir 2019 agus cuireadh os comhair an Oireachtais é ina dhiaidh sin. Leagtar amach ann cuspóirí straitéiseacha an Údaráis. Tá an dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil leis na cuspóirí seo a chomhlíonadh leagtha amach sa chaibidil seo.

Chuir éigeandáil sláinte poiblí COVID-19, a tháinig chun cinn in Éirinn le linn 2020, timpeallacht nua i láthair le haghaidh póilíneachta agus maoirseacht póilíneachta nach bhféadfaí a thuar nuair a bhí cuspóirí 2020 atá luaite thíos á bhforbairt. Cosúil le heagraíochtaí eile ar fud na tíre, thug an tÚdarás freagra ar fhógra an Rialtais ar an 12 Márta 2020 trína phlean leanúnachais gnó a chur i bhfeidhm láithreach agus bogadh chuig timpeallacht oibre baile ón lá dár gcionn, rud a lean ar aghaidh ar feadh an chuid eile den bhliain 2020. Bhí an Údarás ábalta ag na dúshláin a bhaineann leis an mbealach nua oibre seo agus léiríodh leibhéal ard sofhreagrúlachta agus nuálaíochta chun a chinntiú go leanfaí dá ghníomhaíochtaí maoirseachta gan stopadh le linn na géarchéime COVID-19.

D'éiligh na cumhachtaí forfheidhmithe suntasacha breise a tugadh don Gharda Síochána, chun a chinntiú go gcomhlíonfaí na bearta a tugadh isteach, maoirseacht láidir dírithe ar fheidhmíocht póilíneachta. Ghlac an tÚdarás leis an dúshlán seo le sofhreagrúlacht, solúbthacht agus diongbháilteacht. Mhéadaigh sé leibhéal agus dhoimhneacht na rannpháirtíochta seachtraí, go háirithe le grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar na daoine is leochailí sa phobal. Réitigh an tÚdarás sraith tuarascálacha dírithe ar phóilíneacht le linn COVID-19 a cuireadh ar fáil don phobal d'fhonn cur le trédhearcacht i bhfeidhmíocht póilíneachta le linn na tréimhse ríthábhachtaí seo. D'éist an tÚdarás leis na páirtithe leasmhara agus leo siúd nach gcloistear ach go hannamh agus thug siad guth dóibh trí na tuarascálacha seo agus, a bhuíochas d'oscailteacht na ndaoine a roinn a dtaithí linn, soláthraíonn ábhar na dtuarascálacha COVID-19 saibhreas a d'fhéadfadh a bheith luachmhar don phobal, don Gharda Síochána agus lucht déanta beartas agus don Údarás féin.

Le linn 2020, díríodh go láidir ar leanaí, trí thaighde a rinneadh agus trí sheimineár taighde a tionóladh ar líne. Agus aird á tharraingt ar an téama '*Leanaí, daoine óga agus na póilíní: muinín agus iontaobhas a chothú*' thug an tÚdarás lucht acadúil, taighdeoirí, agus rannpháirtithe ó ghníomhaireachtaí ábhartha ceartais choiriúil le chéile, chun eolas, taighde agus smaointe a roinnt.

Bhronn Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí 2020 maoiniú ar an Údarás chun bogearraí a fháil a éascóidh rannpháirtíocht struchtúrtha trí chomhairliúchán poiblí ar na Tosaíochtaí Póilíneachta. Chuathas i mbun clár píolótach i Meán Fómhair 2020, agus baineadh triail as ar na Coistí Comhpháirtíochta Póilíneachta.

Rinneadh rannpháirtíocht a bhaint amach freisin trí naisc ghníomhacha le comhlachtaí maoirseachta póilíneachta i ndlínsí eile, lena n-áirítear Tuaisceart Éireann, Albain, Ceanada agus Iamáice, maidir le maoirseacht póilíní lena n-áirítear prionsabail cuntasachta na bpóilíní. Ó Mhárta 2020 agus don chuid eile den bhliain, d'eagraigh an tÚdarás Póilíneachta a chruinnithe poiblí le Coimisinéir an Gharda Síochána agus leis an bhfoireann shinsearach go cianda ag baint úsáid as Zoom, mar atá le feiceáil sa ghrianghraf thíos. Rinneadh na cruinnithe poiblí seo a shruthú beo ar chainéal YouTube an Údaráis agus tá siad fós le feiceáil ar shuíomh idirlín an Údaráis www.policingauthority.ie.

D'éirigh an tÚdarás níos dinimiciúla, níos sofhreagrúla agus níos nuálaí mar eagraíocht le linn 2020 agus ghlac sé le cur chuige nua maidir le rannpháirtíocht an phobail, agus ba é éigeandáil sláinte COVID-19 ba chúis leis seo. Uaireanta ní féidir aon rud a chur in ionad rannpháirtíocht aghaidh ar aghaidh agus sin ceann de na dúshláin a bhí ann i rith na bliana. De réir mar a thagann Éire chun cinn go mall ó na cúinsí agus na

bearta urghnácha a thug COVID-19 chun cinn, is príomhdhúshlán don Údarás in 2021 an cur chuige dinimiciúil seo a choinneáil agus tógáil air ionas go mbeidh an bealach a rachaidh an tÚdarás i mbun a chuid obair maoirseachta sa todhchaí ag feabhsú agus ag neartú.




Leagtar amach i Ráiteas Straitéise an Údaráis Póilíneachta 2019-2021 cuspóirí straitéiseacha an Údaráis agus príomhghníomhartha agus táscairí feidhmíochta don tréimhse trí bliana go dtí deireadh 2021. Leagtar amach thíos an dul chun cinn i dtreo na cuspóirí sin a bhaint amach.

**Toradh Inmhianaithe 1- Feabhas leanúnach ar phóilíneacht in Éirinn agus acmhainní poiblí in úsáid ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil ag an nGarda Síochána.**

| Cuspóirí | Gnóthachtálacha in 2020 |
|---|---|
| **Creat éifeachtach tomhais agus cuntasachta feidhmíochta curtha chun feidhme don Gharda Síochána** | • Tharla rannpháirtíocht comhcheangailte agus leathnaithe le páirtithe leasmhara chun bonn eolais a chur faoi obair mhaoirseachta, cearta daonna agus comhionannas agus measúnú ar fheidhmíocht an Gharda Síochána,<br><br>Leag an tÚdarás síos Tosaíochtaí Póilíneachta do 2021 i dtaca le ráiteas straitéise an Gharda Síochána.<br>• Bhí rannpháirtíocht leanúnach leis an nGarda Síochána i ndáil le feidhmíocht, trí, mar shampla:<br>  • Maoirseacht ar fheidhmíocht i gcomparáid le Plean Póilíneachta 2019 ar bhonn míosúil;<br>  • Deich gcruinniú den Choiste Straitéise agus Feidhmíochta Póilíneachta;<br>  • Foilsíodh Measúnuithe leathbhliana ar Fheidhmíocht |

| Cuspóirí | Gnóthachtálacha in 2020 |
|---|---|
| | Póilíneachta;<br>• Foilsíodh deich dtuarascáil ar Fheidhmíocht an GS le linn COVID-19; agus<br>• Tuarascáil mhíosúil Choimisinéir an Gharda Síochána chuig an Údarás.<br>• Cuireadh aiseolas ar fáil maidir leis an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail agus an t-aistriú go formáid ar líne mar gheall ar Covid-19. |
| **Nuachóiriú agus feabhas córasach ar an nGarda Síochána** | • Glacadh páirt ghníomhach sa Ghrúpa Oibre Comhpháirteach ar Acmhainní an Gharda Síochána.<br>• Eagraíodh naoi gcruinniú de Choiste an Údaráis um Fhorbairt Eagraíochta an Gharda Síochána, agus díríodh ar an dul chun cinn a rinneadh in An Garda Síochána maidir le príomhthéamaí cosúil le hacmhainní daonna, rialachas agus bonneagar, lena n-áirítear Faisnéis & Teicneolaíocht, Acmhainní agus Cultúr.<br>• Rinneadh monatóireacht agus measúnú ar na bearta a chuir Coimisinéir an Gharda Síochána i gcrích chun an Cód Eitice a leabú ar fud na heagraíochta.<br>• Breithníodh agus cuireadh aiseolas ar fáil i ndáil le raon straitéisí de chuid an Gharda Síochána lena n-áirítear fís na Faisnéise agus Teicneolaíochta, an Straitéis Ilchineálachta agus Imeasctha (lena n-áirítear rannpháirtíocht i bhFóram Ilchineálachta an Gharda Síochána), an Straitéis Comhionannais, Ilchineálachta agus Imeasctha, bunú an Aonaid Frith-Éillithe agus an dara Iniúchadh Cultúrtha.<br>• Rinneadh sraith cuairteanna suímh cianda ar réigiúin, rannáin, ceantair agus aonaid speisialaithe an Gharda Síochána chun dul chun cinn a athbhreithniú agus a mhéid a bhí na príomhthionscnaimh i réimsí AD agus TFC ag cumasú athrú agus athchóiriú eagraíochtúil.<br>• Ba tionscadal lárnach i rith na bliana é rannpháirtíocht an Údaráis ar an tSamhail Oibriúcháin.<br>• Cuireadh i bhfeidhm é ar leibhéal náisiúnta agus rannach chun dul chun cinn a rianú maidir le feidhmiú céimneach Shamhail Oibriúcháin an Gharda Síochána. |

**Toradh Inmhianaithe 2 - Cultúr d’ardfheidhmíocht agus de luachanna láidre eiticiúla ar fud an Gharda Síochána**

| Cuspóirí | Gnóthachtálacha in 2020 |
|---|---|
| **Cur le cleachtais feabhsaithe chun tacú le cearta an duine agus cultúr an Gharda Síochána a fheabhsú lena n-áirítear trí (a) caighdeáin eiticiúla iompair agus cleachtais, agus (b) forálacha chun tuairisciú éagóra a spreagadh agus a éascú** | • Rinneadh maoirseacht agus dearbhú cáilíochta ar na céimeanna atá déanta ag Coimisinéir an Gharda Síochána chun an Cód Eitice a leabú agus rinneadh rannpháirtíocht leis an nGarda Síochána maidir le rolladh amach agus leabú an Chóid Eitice.<br>• Lean an tÚdarás ag déanamh monatóireacht ar leabú an Chóid Eitice agus léirigh sé díomá roimhe seo le rátaí na gcomhaltaí a chláraigh leis an gCód. Le linn 2020 tháinig sé chun solais go raibh taifeadadh na ndaoine a chláraigh leis an gCód míchruinn agus, i rith na bliana, rinne Biúró Eitice agus Cultúir an Gharda Síochána iniúchadh chun soiléiriú a fháil ar an líon comhaltaí agus ball foirne a ghlac páirt san oiliúint agus an líon a shínigh an Cód ina dhiaidh sin agus de réir na tuarascála is déanaí d'fhreastail 91% ar cheardlanna oiliúna agus chláraigh siad.<br>• Rinneadh rannpháirtíocht leis an nGarda Síochána i ndáil leis an athchóiriú atá beartaithe ar chórais araíonachta.<br>• Cuireadh aighneacht ar aghaidh chuig an gcomhairliúchán ar an Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig 2020-2026. |
| **Córas ceapacháin seanbhunaithe, i bhfeidhm d'fhoireann uile an Gharda Síochána a thagann faoi scáth shainchúram ceapacháin an Údaráis** | • Leanadh leis an bpróiseas ceapacháin do chéimeanna sinsearacha sa Gharda Síochána de réir dea-chleachtais agus tugadh Ionaid Mheasúnaithe isteach ag an gcéim deiridh de Chomórtas an Choimisinéara Cúnta.<br>• Reáchtáladh comórtais roghnúcháin agus bunaíodh painéil d'iarrthóirí lena gceapadh chuig céimeanna an Choimisinéara Cúnta (Márta 2020), Ceannfort (Iúil 2020) agus Ceannfort (Nollaig 2020), agus aistríodh an dá chomórtas deiridh sin ar líne agus seachadadh iad go héifeachtach, go héifeachtúil agus in am.<br>• Le linn 2020 ceapadh 58 iarrthóir ar fad i gcéimeanna sinsearacha (3 Choimisinéir Cúnta [lena n-áirítear post gníomhach amháin], 10 bPríomh-Cheannfort agus 45 Ceannfort).<br>• Iarradh ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tabhairt faoi rogha críochnaithe chun cur ar chumas an Údaráis daoine a ainmniú do phost mar Leas-Choimisinéir sa Gharda Síochána.<br>• Próiseáladh iarratais agus ceadaíodh gráid agus uimhreacha do 255 post nua foirne sa Gharda Síochána. Ceapadh cúigear i bpoist shinsearacha foirne an Gharda Síochána ag leibhéal an Phríomhoifigigh. |
| **Athbhreithniú a dhéanamh go leanúnach ar shocruithe le haghaidh earcaíocht, oiliúint agus forbairt chomhaltaí den** | • Cuireadh an oiliúint neamhriachtanach go léir i gColáiste na nGardaí ar fionraí i mí an Mhárta mar gheall ar ath-imlonnú foirne le linn COVID-19 agus ceapadh clár athbhreithnithe d'oiliúint Fondúireachta. Bhí rannpháirtíocht nach beag leis an GS maidir le maoirseacht a |

| Cuspóirí | Gnóthachtálacha in 2020 |
|---|---|
| **Gharda Síochána agus baill foirne an Gharda Síochána** | dhéanamh ar oiliúint promhaidh.<br>• Rinneadh maoirseacht leanúnach ar chóras r-fhoghlama an Gharda Síochána (LMS) agus ar an Mol Foghlama Digiteach nua.<br>• Rinneadh rannpháirtíocht shuntasach maidir le Stiúrthóir L&D a earcú agus dul chun cinn an Ghrúpa Athbhreithnithe Saineolaithe T&F.<br>• Rinneadh maoirseacht ar spriocanna earcaíochta bhaill agus fhoireann an Gharda Síochána.<br>• Rinneadh rannpháirtíocht le Foireann Ceannaireachta Shinsearach an GS maidir le pleanáil fórsa saothair.<br>• Rinneadh maoirseacht ar dhul chun cinn maidir le rannpháirtíocht an Gharda Síochána leis an gCreat Feidhmíochta agus Foghlama. |

**Toradh Inmhianaithe 3 - Feasacht agus rannpháirtíocht láidir phoiblí maidir le saincheisteanna póilíneachta**

| Cuspóirí | Gnóthachtálacha in 2020 |
|---|---|
| **Dea-chaidreamh oibre éifeachtach le príomhpháirtithe leasmhara** | • Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm Plean Oibre Cumarsáide 2020 an Údaráis.<br>• Rinneadh rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara chun eolas a chur ar fáil d'obair mhaoirseachta an Údaráis.<br>• Tugadh faoi chlár leathnaithe rannpháirtíochta le raon leathan grúpaí 48 páirtí leasmhar agus eagraíocht maidir lena dtaithí ar phóilíneacht le linn na héigeandála sláinte chun maoirseacht an Údaráis ar úsáid chumhachtaí póilíní agus póilíneachta i gcoitinne a threorú le linn na tréimhse seo, ag freastal go háirithe ar ghrúpaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine leochaileacha sa phobal agus orthu siúd nach gcloistear go minic agus guth a thabhairt dóibh.<br>• Ardaíodh feasacht ar ábhair phóilíneachta agus ábhar obair mhaoirseachta an Údaráis trí na meáin agus foilseacháin ábhartha.<br>• Foilsíodh réimse ábhar ar shuíomh idirlín an Údaráis d'fhonn trédhearcacht ar obair an Údaráis a sholáthar do pháirtithe leasmhara agus don phobal.<br>• Eagraíodh imeacht seimineár gréasáin ar líne ar an téama 'Leanaí, daoine óga agus na póilíní: muinín agus iontaobhas a chothú' do lucht acadúil, do thaighdeoirí agus do rannpháirtithe ó ghníomhaireachtaí ábhartha ceartais choiriúil. |
| **Rinne pobail rannpháirtíocht ghníomhach leis an nGarda Síochána trí na Coistí** | • Forbraíodh cur chuige nua maidir le rannpháirtíocht le Coistí Comhpháirteacha Póilíneachta chun maolú a dhéanamh ar shrianta COVID-19. |

| Cuspóirí | Gnóthachtálacha in 2020 |
|---|---|
| **Comhpháirteacha Póilíneachta ar bhealach a éascaíonn cosc ar choireacht agus a fheabhsaíonn sábháilteacht agus caighdeán saoil do shaoránaigh** | • Rinneadh rannpháirtíocht le 27 Coiste Comhpháirteach Póilíneachta agus Fóraim Póilíneachta Áitiúla.<br>• Eagraíodh an cúigiú ócáid bhliantúil comhairliúcháin ón Údarás le Cathaoirligh na gCoistí Comhpháirteacha Póilíneachta, Príomhfheidhmeannaigh na nÚdarás Áitiúil agus ionadaithe ón nGarda Síochána chun tacú le comhlíonadh fheidhmeanna CCP agus chun ionchur pobail a sholáthar d'obair an Údaráis. Bhí an tinreamh is airde ag an imeacht seo, a tharla go cianda, le hais aon cheann eile d'imeachtaí Chathaoirligh Choistí Comhpháirteacha Póilíneachta an Údaráis roimhe seo. |
| **Cuireadh feabhas ar thuiscint an phobail ar nithe póilíneachta** | • Cuireadh tús le taighde a choimisiúnaigh an tÚdarás ar 'Eispéiris Íospartach leis an nGarda Síochána' i mí Eanáir 2020, agus foilsíodh tuarascáil Eatramhach i mí Dheireadh Fómhair 2020.<br>• Cuireadh faisnéis ar fáil don phobal trí chaidreamh leis na meáin lena n-áirítear trí phreasagallaimh agus ráitis, agallaimh agus freagraí tráthúla ar cheisteanna.<br>• As an 21 chruinniú Údaráis a eagraíodh in 2020, bhí 11 acu le Coimisinéir an Gharda Síochána agus cuireadh cúig cinn díobh sin ar fáil don phobal trí bheoshruthú ar an idirlíon agus tá siad ar fáil ar shuíomh idirlín an Údaráis.<br>• Cuireadh deich dtuarascáil le chéile ar an bhFreagairt Póilíneachta ar COVID-19 i dteannta le dhá thuarascáil feidhmíochta. |

**Toradh Inmhianaithe 4 - Dhírigh an tÚdarás mar eagraíocht ardfheidhmíochta, nuálach, sofhreagrach agus measúil ar a fhís agus a mhisean**

| Cuspóirí | Gnóthachtálacha in 2020 |
|---|---|
| **Feidhmiú mar eagraíocht éifeachtach ina bhfuil cultúr ardfheidhmíochta** | • Sháraigh an tÚdarás na dúshláin a bhain leis an mbealach nua oibre le linn na paindéime COVID-19. Dhírigh an tÚdarás ar fholláine na foirne agus chuir sé ar chumas gach ball foirne agus comhalta den Údarás cultúr ardfheidhmíochta a choinneáil agus iad ag obair ón mbaile.<br>• Bainistíodh cúrsaí acmhainní daonna go réamhghníomhach san Údarás lena n-áirítear earcaíocht, coinneáil, oiliúint agus forbairt agus bainistíocht feidhmíochta.<br>• Ullmhaíodh an bhunobair chun aistriú go struchtúr bainistíochta maitríseach.<br>• Comhlíonadh riachtanais rialachais, riosca agus tuairiscithe de réir na reachtaíochta agus na gCód Cleachtais. |
| **Tuarascálacha oiriúnacha agus tráthúla a chur ar fáil** | • Cuireadh 10 dtuarascáil le chéile ar an bhFreagairt Póilíneachta ar COVID-19. |

| Cuspóirí | Gnóthachtálacha in 2020 |
|---|---|
| **don Aire mar aon le comhairle faoi cheisteanna póilíneachta** | • Cuireadh comhairle ar fáil maidir le hacmhainní a theastaíonn ón nGarda Síochána mar a éilítear faoi Alt 62H(2)(b) den Gharda Síochána.<br>• Seachadadh dhá thuarascáil ina rinneadh measúnú ar fheidhmíocht an Gharda Síochána i gcoinne an Phlean Póilíneachta.<br>• Cuireadh nuashonruithe ar fáil maidir le ról an Údaráis chun monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar na bearta a ghlac an Garda Síochána chun na moltaí atá i dtuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána 'Ag Freagairt do Dhrochúsáid Ghnéasach Leanaí' a chur i bhfeidhm.<br>• Cuireadh tuairimí ar fáil maidir le Ráiteas Straitéise 2020-2023 na Roinne Dlí agus Cirt.<br>• Forbraíodh Tosaíochtaí Póilíneachta do 2021. |
| **Socruithe idirlinne chun moltaí comhaontaithe an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta a chur chun feidhme** | • Tugadh tuairimí agus rinneadh teagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt maidir le scéimeanna ginearálta chun Códú a dhéanamh ar Chumhachtaí Póilíneachta agus ar an mBille Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail.<br>• Rinneadh maoirseacht leanúnach ar athchóiriú eagraíochtúil an Gharda Síochána. |

De réir a Ráiteas Straitéise agus chun léargas a thabhairt ar iarratais bhreise ón Aire, leag an tÚdarás a Thosaíochtaí Corparáideacha le haghaidh 2020 amach ag tús na bliana mar bhealach chun a chuid oibre tosaíochta in 2020 a threorú. Tá stádas gnóthachtála na dtosaíochtaí seo ag deireadh 2020 le fáil mar eolas in Aguisín 1.


[076] M50 / Coldcut
[090] M1/M50 Roundabout
[041] Wellington Quay
[148] M50 - Between M1 & Port Tunnel

# 4. Gné-alt: Maoirseacht ar Phóilíneacht le linn COVID-19

Chuir 2020 timpeallacht nua i láthair don phóilíneacht agus comhthéacs nua le haghaidh maoirseacht póilíneachta nach bhféadfaí a thuar an bhliain roimhe sin. Tháinig éigeandáil sláinte poiblí chun cinn i rith na bliana a raibh freagra póilíneachta de dhíth ina leith. Leis sin tugadh isteach sáruithe nua ar shaoirse gluaiseachta daoine chun cosc a chur ar scaipeadh COVID-19, agus tugadh cumhachtaí forfheidhmithe don Gharda Síochána chun comhlíonadh a chinntiú. Tar éis srianta a thabhairt isteach agus cumhachtaí nua a eisiúint chuig an nGarda Síochána, ar an 16 Aibreán 2020 d’iarr an tAire Dlí agus Cirt ar an Údarás tuairisc a thabhairt ar ár ngníomhaíochtaí maoirseachta agus ar ár measúnú ar chur i bhfeidhm Rialacháin COVID-19 ag an nGarda Síochána. Bhí tús curtha leis an obair roimh an iarratas seo. D'aithin an tÚdarás na himpleachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag an éigeandáil sláinte poiblí ar na seirbhísí póilíneachta agus bhí sé sofhreagrúil ag dul i dteagmháil leis an gCoimisinéir chun príomhcheisteanna a aithint agus maoirseacht dhírithe ar fheidhmíocht póilíneachta a chinntiú, go háirithe i gcomhthéacs cumhachtaí nua agus ionsáiteacha a thabhairt isteach. Cuireadh an mhaoirseacht shofhreagrúil seo ar bhonn foirmiúil trí iarratas na nAirí agus tugadh isteach sraith tuarascálacha dírithe ar phóilíneacht le linn COVID-19, inar cuireadh faisnéis agus comhairle don Aire agus trédhearcacht don phobal ar fáil maidir le gníomhaíochtaí an Gharda Síochána.




**Úsáid Cumhachtaí**

Ó thús na héigeandála sláinte poiblí, ghlac an Garda Síochána na “ceithre céim” (“*the four E’s*”), is iad sin Teagmháil, Míniú, Spreagadh agus Forfheidhmiú (*Engage, Explain, Encourage and Enforce*). D’fháiltigh an tÚdarás roimh an bhfreagra grádaithe seo toisc gur thug sé, faoi na chéad trí chéim, deis don Gharda Síochána baill an phobail a spreagadh chun scaipeadh, filleadh ar a dtithe nó deireadh a chur lena dturais.

Ón 8 Aibreán 2020 tugadh cumhachtaí don Gharda Síochána go mbeidís in ann an chéim deiridh a úsáid chun na srianta a cuireadh ar an bpobal a fhorfheidhmiú, trí Ionstraim Reachtúil (IR)121 na bliana 2020. Áiríodh anseo an cumhacht chun:

- A ordú do dhuine na Rialacháin a chomhlíonadh;
- Duine a ghabháil mar gheall ar loiceadh ordachán den sórt sin a chomhlíonadh;
- Ainm agus seoladh duine a éileamh;
- Duine a ghabháil mura gcomhlíontar an t-éileamh ar ainm agus seoladh; agus
- Duine a ghabháil mura gcomhlíontar na rialacháin.

Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil leis an nGarda Síochána chun tuairisciú a chur ar fáil don Údarás maidir le húsáid cumhachtaí nua agus gníomhaíocht póilíneachta ar leith ó thaobh COVID-19. Rinne sé seo tástáil ar chumas an Gharda Síochána sonraí a thaifeadadh agus a thuairisciú. Ba chúis díomá nár thug na sonraí a thaifead an Garda Síochána fairsinge iomlán na gcumhachtaí a tugadh dó chun déileáil leis an éigeandáil sláinte. Sa chomhthéacs seo, ní raibh an Garda Síochána in ann tuairisc a thabhairt ar an líon uaireanta a d'eisigh siad treoracha do dhaoine agus gur chomhlíon an duine é. Ina áit sin, b'éigean don Údarás sonraí a bhaineann le cionta a rinneadh, a mheas. Rinneadh sonraí a mheas, oiread agus is féidir, lena chinntiú nach raibh aon úsáid dhíréireach á baint as cumhachtaí i gceantair áitiúla. Rinne an tÚdarás measúnú freisin ar líon na seicphointí a rinneadh mar seachfhreastalaí ar rannpháirtíocht an Gharda Síochána leis an bpobal. Léirigh an measúnú ar úsáid cumhachtaí, i gcoibhneas le méid na rannpháirtíochta, leibhéil arda comhlíonta ag an bpobal agus úsáid cumhachtaí réasúnta íseal ag an nGarda Síochána.

Sna míonna ina dhiaidh sin bhog nádúr an fhorfheidhmithe le linn na paindéime, de réir mar a chuaigh an tír trí chéimeanna éagsúla chun srianta a mhaolú agus ansin iad a dhéanamh níos doichte arís. Bhí úsáid na gcumhachtaí dírithe níos mó ar áitribh sna hearnálacha fáilteachais agus miondíola, agus rinneadh measúnú orthu arís i dtéarmaí chomhréireacht an fhorfheidhmithe.

## Ag éisteacht le guthanna nach gcloistear rómhinic

Bhí an tÚdarás Póilíneachta i mbun rannpháirtíochta cheana féin, leis an gClár Rannpháirtíochta do Pháirtithe Leasmhara, le raon éagsúil páirtithe leasmhara, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, ar bhonn leanúnach. Tá an obair seo deartha chun éisteacht le taithí bheo na póilíneachta agus í a chloisteáil agus chun tuairimí a bhailiú maidir le cáilíocht agus éifeachtúlacht na seirbhíse póilíneachta a sholáthraíonn an Garda Síochána. Cuireann an obair seo bonn eolais faoi obair mhaoirseachta an Údaráis agus faightear léiriú sna tuarascálacha a chuirtear ar fáil don Rialtas agus don phobal ar fheidhmíocht póilíneachta. Mhéadaigh an tÚdarás a leibhéal rannpháirtíochta seachtraí agus an cur chuige maidir le rannpháirtíocht le linn na paindéime. Ba obair shuntasach í seo a bhí ina cuid luachmhar agus faisnéiseach de mhaoirseacht an Údaráis ar phóilíneacht le linn na paindéime.

Ó thosaigh an mhaoirseacht ar phóilíneacht le linn na paindéime, chuir an tÚdarás béim láidir ar theagmháil le grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar phobail éagsúla dár ndaonra chun an tionchar agus taithí mhaireachtála a bhí acu ar phóilíneacht le linn na tréimhse seo a thuiscint agus chun leibhéal na cothroime agus an chothromais a feidhmíodh a mheas agus cumhachtaí á n-úsáid. Bhí sé seo tábhachtach freisin chun éifeachtacht oibríochtaí ar leith a bhailíochtú, mar shampla freagra an Gharda Síochána ar fhoréigean teaghlaigh le linn dianghlasála. Rinne an tÚdarás teagmháil le 48 grúpa éagsúil, go minic níos mó ná uair amháin, le linn na tréimhse toisc nach raibh taithí COVID-19 statach de réir mar a d'athraigh na srianta éagsúla i rith na bliana. Áirítear sna grúpaí ionadaithe ar mhionlaigh, seandaoine, leanaí, íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh, agus leasanna gnó mar an earnáil fáilteachais. Rinneadh teagmháil freisin le comhlachtaí um chearta an duine mar IHREC agus ICCL. Rinneadh teagmháil le grúpaí iomadúla laistigh de chohóirt éagsúla chun tuairimí a tugadh a bhailíochtú agus chun a chinntiú gur bailíodh speictream leathan tuairimí laistigh de phobal ar leith. Bhí an ghné seo den obair ríthábhachtach chun atmaisféar na

póilíneachta le linn na paindéime a léiriú, chun ábhar imní a aithint agus, in go leor cásanna, chun aird a tharraingt ar dhea-obair bhaill an Gharda Síochána. De ghnáth léirigh an t-aiseolas rannpháirtíocht dhearfach an Gharda Síochána, go háirithe i bpobail atá ar an imeall agus nach gcloistear rómhinic. Chuir an obair réimse saibhir taithí ar fáil a sholáthraíonn peirspictíocht an phobail maidir le tionchar, éifeachtúlacht agus rath le linn na tréimhse seo. Tugadh chun suntais ann nach mbíonn taithí chothrom acu seo ar fud ár sochaí agus, le measúnú ar fheidhmíocht póilíneachta, go dtéann an tábhacht na guthanna seo a chloisteáil níos faide ná saolré na paindéime. Leanfaidh an tÚdarás ag glacadh páirt san obair seo.

In ainneoin na ndúshlán a bhaineann le feidhmiú mar is gnáth, chuaigh an tÚdarás i dteagmháil le comhaltaí agus baill foirne an Gharda Síochána trí fhreastal ar sheicphointí agus cruinnithe PAF ag leibhéil réigiúnacha, rannáin, ceantair agus aonaid, ar fud na tíre. Bhí an t-aiseolas seo a bailíodh ó bhaill agus ó bhreathnú ar idirghníomhaíochtaí leis an bpobal tábhachtach chun faisnéis a cuireadh ar fáil don Údarás a bhraith agus a bhailíochtú.

**Saincheisteanna Maoirseachta atá ag Teacht Chun Cinn**

Ní hamháin gur thug an Éigeandáil Sláinte Poiblí cumhachtaí nua don Gharda Síochána, ach modhanna nua póilíneachta agus dúshláin eagrúcháin nua freisin. Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil leis an gCoimisinéir agus leis an eagraíocht de réir mar a tháinig na saincheisteanna seo chun cinn. I measc na n-ábhar imní ba mhó a bhí ag an Údarás bhí tabhairt isteach cumhdaigh in aghaidh caitheamh seile. Cé gur tugadh isteach iad mar chosaint don lucht saothair, léirigh an tÚdarás imní maidir lena dtabhairt isteach agus lorg sé dearbhuithe nach dtabharfaí isteach iad ach le linn ré na paindéime. I bhfianaise dhéine na bhfeistí seo, chuir an tÚdarás béim ar mhonatóireacht chúramach agus chomhsheasmhach a dhéanamh ar a n-úsáid, ag aontú teimpléad tuairiscithe do bhaill an Gharda Síochána le comhlánú tar éis a n-úsáide. Rinne an tÚdarás athbhreithniú orthu seo chun a chinntiú go raibh an úsáid ag teacht le beartas agus rinne sé scrúdú freisin ar threochtaí úsáide níos leithne. Chuir an tÚdarás aighneacht ar fáil do mheastóireacht an Gharda ar chumhdaigh in aghaidh caitheamh seile, agus é sin á dhéanamh rinne sé teagmháil le dáileoirí na ngaireas seo chun fianaise a bhailiú maidir lena n-éifeachtúlacht ó thaobh comhaltaí a chosaint. Tháinig sé chun solais nach raibh aon éifeachtacht chruthaithe ag na gairis seo chun leathadh COVID-19 a chosc agus tá a n-úsáid fós mar ábhar imní don Údarás.

Bhí sláinte agus folláine bhaill agus fhoireann an Gharda Síochána mar thosaíocht ag an Údarás. Rinneadh monatóireacht ar ionsaithe trí chaitheamh seile nó casacht ar chomhaltaí agus chuaigh an tÚdarás i dteagmháil leis an gCoimisinéir agus leis an bhfoireann ceannaireachta sinsearaí maidir le raon leathan saincheisteanna chun a chinntiú go raibh cosaint leordhóthanach ar fáil do chomhaltaí. Áiríodh leis seo rannpháirtíocht ar shaincheisteanna mar PPE, tástáil tosaíochta, agus bearta sláinte agus sábháilteachta.

Tháinig níos mó brú ar acmhainní leis an iarracht mhéadaithe póilíneachta. Shocraigh an Garda Síochána gardaí faoi oiliúint a scaoileadh saor ón Teampall Mór níos luaithe chun céimeanna na seirbhíse a mhéadú agus chun dóthain acmhainne a chinntiú, go háirithe maidir le rannpháirtíocht an phobail. Cé gur údar imní a bhí anseo do na comhaltaí faoi oiliúint, lorg an tÚdarás dearbhuithe nach gcuirfí na comhaltaí seo i róil mhíchuí, go mbeadh maoirseacht leordhóthanach ann agus nach gcuirfí isteach ar a gcuid oiliúna don tseirbhís sa todhchaí.

Clúdaíodh réimse leathan gníomhaíochtaí agus saincheisteanna eile sa réimse maoirseachta seo lena n-áirítear póilíneacht ar agóidí, láithreacht comhaltaí armtha ag seicphointí, agus treochtaí ginearálta faoi ghearáin a bhaineann le póilíneacht na paindéime a mheas.

Cé nach raibh sé gan teorainn, bhí sraith chuimsitheach tuarascálacha mar thoradh ar an obair seo agus, níos criticiúla, bunús láidir do rannpháirtíocht leis an nGarda Síochána, comhairle agus faisnéis don Aire agus trédhearcacht ar mhaithe le muinín an phobail i seirbhísí póilíneachta.



# 5. Rialachas agus Struchtúr

### 1. Comhaltaí an Údaráis

Foráiltear i reachtaíocht bhunaithe an Údaráis le haghaidh comhaltachta de Chathaoirleach agus ochtar gnáthchomhaltaí, ceaptha le haghaidh téarma 3 nó 4 bliana agus an fhéidearthacht go bhféadfaí athcheapadh a dhéanamh le haghaidh téarma breise faoi réir uasmhéid 8 mbliana. Roghnaigh an Rialtas Cathaoirleach agus comhaltaí an Údaráis lena gceapadh i ndiaidh próiseas roghnúcháin a reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí faoin bpróiseas Stateboards.ie. Níl comhaltaí den Oireachtas nó Údaráis Áitiúla, baill foirne reatha den Gharda Síochána, GSOC nó Cigireacht an Gharda Síochána incháilithe chun a bheith ina gcomhaltaí den Údarás.

Bhí ochtar comhaltaí ag an Údarás ar feadh na bliana 2020. Ceapadh Bob Collins ina Chathaoirleach, le héifeacht ón 1 Eanáir 2020. Ceapadh Deborah Donnelly ar an Údarás, le héifeacht ón 1 Eanáir 2020, ar feadh tréimhse bliana. Chríochnaigh triúr comhaltaí den Údarás, an Dr Vicky Conway, Pat Costello agus Judith Gillespie, a dtéarmaí oifige ar an 31 Nollaig 2020. Ar an 22 Nollaig, rinne an tAire Dlí agus Cirt na ceathrar gnáthchomhaltaí agus an Cathaoirleach a athcheapadh ar feadh tréimhse trí bliana nó go díscaoiltear an tÚdarás, cibé acu is luaithe.

Fostaíodh comhaltaí an Údaráis ar an mbonn tiomantais mbeidís ar fáil 4 go 6 lá in aghaidh na míosa agus tá tiomantas foirmiúil an Chathaoirligh bunaithe ar 2.5 lá ar a laghad sa tseachtain. Tá mionsonraí maidir le Comhaltaí an Údaráis le fáil i dTábla 1, lena n-áirítear a dtéarma oifige agus freastal ar chruinnithe i rith 2020. Taispeántar i dTábla 2 táillí bliantúla agus costais taistil agus chothaithe Chomhaltaí an Údaráis do 2020.

**Tábla 1: Téarmaí oifige agus freastal Chomhaltaí an Údaráis ar chruinnithe 2020**

| Comhalta an Údaráis | Éag an téarma | Cruinnithe Údaráis ar freastalaíodh orthu | Cruinnithe Coiste agus Ionadaíochta[1] |
|---|---|---|---|
| Bob Collins | 31/12/23 | 21 | 14 |
| Vicky Conway | 31/12/20 | 19 | 10 |
| Pat Costello | 31/12/20 | 20 | 9 |
| Judith Gillespie | 31/12/20 | 20 | 8 |
| Valerie Judge | 31/12/23 | 20 | 9 |
| Paul Mageean | 31/12/23 | 21 | 9 |
| Moling Ryan | 31/12/23 | 20 | 19 |
| Deborah Donnelly | 31/12/23 | 21 | 9 |

[1] Eagraíodh 27 cruinniú Coiste ar fad. Lena chois sin, d'fhreastail Comhaltaí ar roinnt cruinnithe de chuid an ghrúpa oibre agus rinne siad ionadaíocht ar an Údarás ag roinnt cruinnithe agus imeachtaí eile i rith na bliana.

| Tábla 2: Táillí Bliantúla agus costais taistil agus chothaithe do Bhaill an Údaráis | | | |
|---|---|---|---|
| Comhalta den Údarás | Táillí Bliantúla[2] íoctha in 2020 € | Costais a aisíocadh leis an gComhalta in 2020 € | Costais a íocadh go díreach le soláthraithe in 2020 € |
| Bob Collins | 32,450. | - | 44. |
| Vicky Conway[3] | - | - | - |
| Pat Costello | 14,963. | - | - |
| Judith Gillespie | 14,963 | 480 | 178 |
| Valerie Judge | 14,963 | - | - |
| Paul Mageean | 14,963 | 1,724 | 642 |
| Moling Ryan | 14,963 | - | - |
| Deborah Donnelly | 14,963 | - | 201 |

**2. Coistí an Údaráis**

Bhí roinnt Coistí ceaptha ag an Údarás in 2020 chun maoirseacht a dhéanamh ar rialachas agus dul chun cinn ar obair an Údaráis i ndáil lena thosaíochtaí reachtúla faoi Théarmaí Tagartha ina leagtar amach a chuspóir, a threoraíonn a gcuid oibre, agus ina leagtar amach mionsonraí nithe atá tarmligthe chuig an gCoiste lena gcinneadh. Tá Téarmaí Tagartha do gach Coiste agus miontuairiscí faofa na gcruinnithe a bhí acu in 2020 foilsithe ar shuíomh idirlín an Údaráis Póilíneachta.

Is mír sheasta ar chlár oibre gach cruinniú Údaráis iad nuashonruithe ó Choistí, agus tugann Cathaoirleach gach Coiste nuashonrú ó bhéal don Údarás faoin obair atá ar bun ag an gCoiste. Cuirtear páipéir ina sonraítear nithe atá le cinneadh nó le faomhadh ag an Údarás mar thoradh ar obair na gCoistí faoi bhráid lena mbreithniú ag cruinnithe an Údaráis. Cuirtear acmhainn rúnaíochta ar fáil do gach Coiste agus coimeádann Cathaoirleach an Choiste an Príomhfheidhmeannach ar an eolas faoi aon obair a bhféadfadh acmhainní breise a bheith ag teastáil lena haghaidh.

Bhí ceithre choiste bunaithe in 2020. Is comhalta é gach comhalta den Údarás de choiste amháin, ar a laghad, ach is eisceacht é an Cathaoirleach, cé nach comhalta de choiste ar bith an Cathaoirleach, féadfaidh an Cathaoirleach freastal ar chruinnithe coiste ó am go ham. Ag deireadh 2020 bhí beirt chomhaltaí sheachtracha den Choiste Iniúchta agus Riosca, comhalta seachtrach amháin den Choiste Straitéise agus Feidhmíochta Póilíneachta agus comhalta seachtrach amháin den Choiste um Fhorbairt Eagraíochta. Tá Coiste Dearbhaithe Cáilíochta agus Rialachais Roghnúcháin Ceapacháin an Gharda Síochána faoi chathaoirleacht comhalta seachtrach ar saineolaí neamhspleách sinsearach earcaíochta an duine sin, agus tá comhalta den fhoireann Feidhmiúcháin Shinsearaigh páirteach sa Choiste seo freisin. Bunaíodh Grúpa Oibre de chuid an Údaráis chun freagairt thapa a éascú idir cruinnithe maidir le nithe a thagann chun solais i gcomhthéacs rannpháirtíocht an Údaráis le Clár um Athchóiriú Póilíneachta an Rialtais. Tá mionsonraí

[2] Formheasann an tAire Dlí agus Cirt na táillí a íoctar le Comhaltaí an Údaráis le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
[3] Athcheapadh an Dr. Vicky Conway ar an Údarás ón 29 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2020. Mar fhostaí sa tseirbhís phoiblí ní raibh aon táillí á bhfáil ag an Dr Conway faoin bprionsabal 'Aon-Tuarastal an Duine'. Íocadh táillí €28,679, a bhíonn iníoctha de ghnáth le Comhalta Údaráis, go díreach le fostóir an Dr. Conway, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i ndáil le faid a hathcheaptha mar chúiteamh ar chostas deise an ama a chaith an Dr Conway ar obair don Údarás sa tréimhse dhá bhliain.

maidir le gach coiste, mar aon le ballraíocht agus cruinnithe 2020 leagtha amach i dTábla 3.

| Tábla 3: Coistí an Údaráis 2020 | | |
|---|---|---|
| **Coiste** | **Ballraíocht** | **Cruinnithe in 2020** |
| **Iniúchadh agus Riosca** | Moling Ryan (Cathaoirleach)<br>Ronan Nolan (Comhalta seachtrach)<br>Melanie Pine (Comhalta seachtrach) | 6<br>6<br>6 |
| **Dearbhú Cáilíochta agus Rialachas Roghnúcháin Cheapacháin an Gharda Síochána** | Bryan Andrews (Cathaoirleach) (Comhalta Seachtrach)<br>Valerie Judge<br>Moling Ryan<br>Aileen Healy (Comhalta Feidhmiúcháin) | 2<br>2<br>2<br>2 |
| **Forbairt Eagraíochta an Gharda Síochána** | Bob Collins (Cathaoirleach)[4]<br>Paul Mageean (Cathaoirleach)[5]<br>Pat Costello<br>Valerie Judge<br>Melanie Pine (comhalta seachtrach)<br>Moling Ryan[6] | 3<br>9<br>9<br>7<br>8<br>2 |
| **Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta** | Judith Gillespie (Cathaoirleach)<br>Moling Ryan<br>Vicky Conway<br>Ronan Nolan (Comhalta Seachtrach)<br>Deborah Donnelly[7] | 8<br>9<br>10<br>9<br>9 |

**3. An Fhoireann Feidhmiúcháin**

Is é an ról atá ag an bhFoireann Feidhmiúcháin, faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh, beartais agus cinntí de chuid an Údaráis a chur chun feidhme. Ina theannta sin, is é an ról atá ag an bhfoireann bhainistíochta shinsearach an tÚdarás a choinneáil ar an eolas trína chruinnithe rialta faoi fhorbairtí ábhartha lena n-áirítear aon rioscaí ábhartha agus tacú le hobair an Údaráis tríd an tacaíocht, an fhaisnéis agus an saineolas ábhartha a sholáthar maidir le rialachas agus forbairt beartais ag leibhéal Údaráis agus Coiste araon.

Tá ról agus freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh leagtha amach sa reachtaíocht agus i gCreat Rialachais an Údaráis. Ina theannta sin, is é an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta an Údaráis agus is freagracht ar leith é seo i gcomparáid le freagrachtaí rialachais chomhaltaí an Údaráis.

Tá eolas maidir le ballraíocht na foirne bainistíochta sinsearaí le fáil i dTábla 4.

[4] Bhí Bob Collins ina chathaoirleach ar dhá chruinniú coiste agus d'fhreastail sé ar thríú cruinniú a raibh cathaoirleach nua an choiste ina chathaoirleach air.
[5] Ón 1 Aibreán, bhí an tUasal Paul Mageean ina chathaoirleach ar an gcoiste.
[6] D'fhreastail an Dr Ryan ar dhá chruinniú ar ábhair shonracha, mar neamhbhall den Choiste seo.
[7] Ceapadh Deborah Donnelly ar an gcoiste seo tar éis an chruinnithe i mí Eanáir.

| Tábla 4: Foireann Bhainistíochta Shinsearach 2020 | |
|---|---|
| **Ról** | **Ainm** |
| Príomhfheidhmeannach | Helen Hall |
| Ceannasaí Rialachais, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin agus Rúnaí an Údaráis | Aileen Healy[8] |
| Ceannasaí Dlí, Beartas agus Taighde | Cormac Keating[9] |
| Ceannasaí na Straitéise agus Feidhmíocht Phóilíneachta | Margaret Tumelty |

Ar an 31 Nollaig 2020 bhí tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh cothrom le €162,920 ar scála tuarastail Rúnaí Cúnta sa státseirbhís, atá cothrom leis an méid atá faofa ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. B'ionann na costais taistil agus cothaithe a aisíocadh leis an bPríomhfheidhmeannach ag eascairt as a cuid dualgas a chur i gcrích agus €712 in 2020.

## 4. An bealach a oibrímid

Cruinnithe an Údaráis

Bíonn cruinniú iomlánach lae ag an Údarás gach mí, ach amháin i mí Lúnasa. Áirítear mar chuid de gach cruinniú, cruinniú le Coimisinéir an Gharda Síochána agus foireann shinsearach an Gharda Síochána. Ceanglaítear ar an Údarás faoin Acht ceithre chruinniú, ar a laghad, a reáchtáil go poiblí le Coimisinéir an Gharda Síochána gach bliain. Foilsítear sceideal na gcruinnithe don bhliain roimh ré, agus cuirtear in iúl cé na cruinnithe a eagrófar go poiblí leis an gCoimisinéir. Ó am go ham, reáchtálann an tÚdarás cruinnithe breise nó eisceachtúla ar bhonn riachtanas, agus d’fhéadfadh go mbeadh cruinnithe leis An Garda Síochána ina measc. Le cois 11 chruinniú sceidealaithe in 2020, reáchtáladh 10 gcruinniú bhreise in 2020 chun déileáil le ceisteanna a bhí ag teacht chun cinn.

De ghnáth reáchtáiltear cruinnithe poiblí leis an gCoimisinéir in ionad poiblí agus tá cead ag an bpobal agus ag na meáin freastal ar na cruinnithe seo. Mar gheall ar na bearta sláinte atá i bhfeidhm ag eascairt as paindéim COVID-19, eagraíodh cruinnithe leis an gCoimisinéir go poiblí ar líne, seachas an cruinniú ar an 26 Feabhra. Fógraítear na cruinnithe roimh ré ar shuíomh idirlín an Údaráis agus déantar iad a bheoshruthú ar shuíomh idirlín an Údaráis agus is féidir leis na meáin iad a chraoladh. Tá taifeadtaí cartlainne ar fáil ar chainéal YouTube an Údaráis.

In 2020, chas comhaltaí an Údaráis le chéile 21 uair san iomlán, reáchtáladh cruinniú le Coimisinéir an Gharda Síochána agus a chomhghleacaithe sinsearacha i rith 11 de na cruinnithe sin, agus reáchtáladh cúig chruinniú go poiblí.

Foilsíonn an tÚdarás an dréachtchlár oibre le haghaidh cruinnithe ar a shuíomh idirlín seachtain roimh ré agus foilsítear miontuairiscí faofa ar an suíomh idirlín freisin. In 2020 foilsíodh tuarascáil mhíosúil Choimisinéir an Gharda Síochána chuig an Údarás ar shuíomh idirlín an Gharda Síochána agus an Údaráis.

[8] D’fhág Aileen Healy an eagraíocht ar an 24/07/20 agus tháinig Aoife Clabby ina háit mar Rúnaí an Údaráis ón dáta sin.
[9] Thosaigh Cormac Keating ar an 17/02/20.

Déanann an tÚdarás foráil le haghaidh cruinniú príobháideach ag gach cruinniú míosúil, cruinniú nach bhfreastalaíonn an Fhoireann Feidhmiúcháin air, agus reáchtáladh cruinniú príobháideach aon uair déag i rith 2020.

Trédhearcacht agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara

D'fhonn cloí leis an ardluach a mheasann an tÚdarás a bheith le hoscailteacht agus trédhearcacht, tá an tÚdarás tiomanta do chumarsáid agus rannpháirtíocht a dhéanamh le páirtithe leasmhara mar chuid dá obair laethúil:

- Cláir oibre agus miontuairiscí cruinnithe a fhoilsiú ar shuíomh idirlín an Údaráis;
- Cruinnithe a eagrú go poiblí, trí chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal agus trí rannpháirtíocht dhíreach le príomhpháirtithe leasmhara cosúil le coistí comhpháirteacha póilíneachta agus an tsochaí shibhialta; agus
- Tuarascálacha agus ábhar eile a fhoilsiú ar a shuíomh idirlín.

## 5. Socruithe Rialachais

Tá an tÚdarás Póilíneachta bunaithe mar chomhlacht neamhspleách reachtúil. I bhfeidhmiú a fheidhmeanna reachtúla, tá an tÚdarás go hiomlán neamhspleách agus mar chomhlacht a fhaigheann maoiniú poiblí tá sé cuntasach go cuí don Oireachtas agus don Aire Dlí agus Cirt.

Tá an Creat Rialachais agus Rialaithe laistigh den Údarás á threorú ag:

- Acht an Gharda Síochána, 2005 arna leasú
- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú, atá glactha ag an Údarás;
- An Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís, a bhfuil dualgas ar an Údarás é a chomhlíonadh ó tharla é a bheith á mhaoiniú ag Vóta Státchiste;
- Moltaí Thuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Chuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigigh Chuntasaíochta (Tuarascáil Mullarkey);
- An Cód Eitice don Gharda Síochána, a bhfuil glactha leis, áit ar cuí, ag an Údarás;
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí;
- An Cód Caiteachais Phoiblí; agus
- Reachtaíocht, beartais rialtais agus seirbhíse poiblí agus ciorcláin eile atá infheidhme maidir le heagraíochtaí státseirbhíse.

Creat Rialachais

Tá na socruithe rialachais atá i bhfeidhm san Údarás leagtha amach go mionsonraithe i ndoiciméad Chreat Rialachais an Údaráis. Tacaíonn sraith doiciméad rialachais eile leis seo lena n-áirítear:

- Cód Iompair do chomhaltaí agus do bhaill foirne;
- Buanorduithe
- Scéim na dtoscaireachtaí agus nithe forchoimeádta don Údarás;

- Ráiteas Straitéise 2019-2021; agus
- Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh (lena n-áirítear Caidreamh agus Tacaíocht) leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Rinneadh athbhreithniú ar na doiciméid seo de réir mar is cuí i rith 2020 chun léargas a thabhairt ar aon athruithe ar measadh gá a bheith leo. Foilsíodh na cáipéisí seo ar shuíomh idirlín an Údaráis.

Freagrachtaí

Tá an tÚdarás freagrach as:

- Gníomhaíochtaí an Údaráis a threorú agus a stiúradh;
- gach oibleagáid reachtúil infheidhme a chomhlíonadh;
- an POF agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach a choimeád cuntasach as a bhfreagrachtaí a fheidhmiú go héifeachtach;
- nithe a bhaineann le hiniúchadh, rialachas agus bainistíocht riosca;
- A chinntiú go bhfuil córais éifeachtacha de rialú inmheánach i bhfeidhm agus curtha chun feidhme;
- Plean straitéiseach a ullmhú agus a ghlacadh; agus
- an tuarascáil bhliantúil seo a ullmhú don Údarás.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Údarás as feidhmiú a cuid dualgas agus aon fhaisnéis a sholáthar dó maidir le feidhmiú na bhfeidhmeanna seo a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Údarás ó am go ham.

Feidhmíonn an tÚdarás faoi fhoráil airgeadais atá vótáilte ag an Dáil go bliantúil, agus is é an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta ar a bhfuil freagrachtaí gaolmhara maidir leis an timpeallacht rialaithe inmheánaigh.

Cód Iompair

Leagtar amach i gCód Iompair an Údaráis Póilíneachta na caighdeáin prionsabail agus cleachtais ba cheart a rialódh iompar Chomhaltaí agus bhaill foirne an Údaráis Póilíneachta. Is é cuspóir an chóid:

- Tacar comhaontaithe de phrionsabail eiticiúla a bhunú do Chomhaltaí agus do bhaill foirne an Údaráis;
- Cosc a chur ar fhorbairt nó glacadh le cleachtais mhí-eiticiúla; agus
- Muinín agus iontaoibh a chur chun cinn agus a chothú i measc na gComhaltaí.

trí príomhphrionsabail a leagan amach ar cheart do chomhaltaí agus do bhaill foirne cloí leo, eadhon:

- Gníomhú ar son leas an phobail;
- Ionracas agus Neamhspleáchas;
- Trédhearcacht;
- Rúndacht;
- Rannpháirtíocht; agus

- Cothroime.

Léirítear sa Chód tiomantas an Údaráis do na caighdeáin is airde d'iompar gnó agus ullmhaíodh an Cód chun cabhrú le Comhaltaí agus le baill foirne an Údaráis a ndualgais, cearta agus oibleagáidí a thuiscint. Chomh maith leis sin, ciallaíonn sé go bhfuil Comhaltaí agus baill foirne tiomanta cloí leis an gCód Eitice don Gharda Síochána.

Coinbhleachtaí Leasa

Tá nósanna imeachta bunaithe lena chinntiú go bhfuil forálacha Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, áit ar cuí, á gcomhlíonadh ag comhaltaí agus ag baill foirne an Údaráis. Lena chois sin, de réir Chód Iompair an Údaráis Póilíneachta do Chomhaltaí agus do Bhaill Foirne, cláraíonn comhaltaí an Údaráis a leasanna i ngnóthais eile leis an Rúnaí nuair a cheaptar iad. Chomh maith leis sin, rialaíonn an Cód Iompair coinbhleachtaí leasa i gcomhthéacs comórtas roghnúcháin atá á rith ag an Údarás agus imthosca eile ina bhféadfadh coinbhleachtaí leasa teacht chun cinn. Comhlánaíonn gach comhalta den Údarás tuairisceán bliantúil Eitice de réir cheanglais an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí.

Buanorduithe

Leagtar amach i mBuanorduithe an Údaráis na nósanna imeachta faoina bhfuil gnó an Údaráis á reáchtáil.

Scéim na dToscaireachtaí

Tá scéim toscaireachtaí comhaontaithe ag an Údarás don Údarás. Leagtar amach sa scéim:

- Údarás tarmligthe chun an caiteachas faoi thairsí comhaontaithe a fhaomhadh don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach;
- Ceisteanna a bhaineann le rialachas atá forchoimeádta don Údarás; agus
- Feidhmeanna reachtúla an Údaráis agus a mhéad atá siad seo tarmligthe do Choiste an Údaráis, an Príomhfheidhmeannach nó atá forchoimeádta don Údarás.

Measúnú Feidhmíochta

Rinneadh athbhreithniú seachtrach neamhspleách ar éifeachtacht an Údaráis i rith 2020 de réir cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú.

Maoirseacht á déanamh ag an Máthair-Roinn

Tá Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh (lena n-áirítear Caidreamh agus Tacaíocht) leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina sonraítear go soiléir téarmaí chaidreamh na Roinne leis an Údaráis. Déantar cur síos ann chomh maith ar na príomhróil, freagrachtaí agus tacaíochtaí a thacaíonn leis an gcaidreamh idir an tÚdarás ar lámh amháin agus an Roinn, an tAire agus an tOireachtas ar an lámh eile. Léirítear agus doiciméadaítear sa chomhaontú seo a mhéad is atá ceanglais chomhlíontachta an Chóid Cleachtais oiriúnaithe go cuí d'imthosca (lena n-áirítear méid agus neamhspleáchas) an Údaráis.

Ceanglaíonn roinnt d'fheidhmeanna an Údaráis Póilíneachta atá leagtha amach san Acht, ar an Údarás dul i gcomhairle le, comhairle a chur air nó eolas a roinnt leis an Aire nó leis an Rialtas maidir le nithe ar leith.

Reáchtáiltear cruinnithe idirchaidrimh idir foireann bhainistíochta shinsearach na Roinne agus an Údaráis ar bhonn ráithiúil chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus chun nithe comhleasa a bhaineann le sainchúram an Údaráis a bhreithniú. Mar chuid de na socruithe nua cuntasachta agus maoirseachta póilíneachta, reáchtáiltear cruinniú amháin, ar a laghad, gach bliain leis an Roinn, an Garda Síochána agus an tÚdarás, agus é mar aidhm nithe a thagann chun solais i ndáil le seirbhísí póilíneachta agus freagrachtaí éagsúla gach eagraíochta a phlé agus a athbhreithniú.

An Coiste Iniúchta agus Riosca

Bunaíodh Coiste Iniúchta agus Riosca, ar a bhfuil beirt chomhaltaí sheachtracha nach bhfuil baint acu leis an Údarás agus comhalta amháin ón Údarás, i mí Iúil 2016 faoi Chairt an Choiste Iniúchta agus Riosca, agus reáchtáladh 6 chruinniú in 2020. Soláthraíonn an Coiste comhairle neamhspleách don Údarás agus don Oifigeach Cuntasaíochta, lena n-áirítear i ndáil le hoiriúnacht agus diongbháilteacht chórais agus nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh, iniúchta inmheánaigh, bainistíochta riosca agus rialachais na heagraíochta.

Bainistíocht Riosca

Tá beartas agus córais chuimsitheacha bainistíochta riosca bunaithe ag an Údarás, lena n-áirítear clár rioscaí atá cothrom le dáta. Áirítear sa chlár rioscaí measúnú mionsonraithe ar phríomhrioscaí an Údaráis, agus cur síos ar na rioscaí agus rialuithe inmheánacha agus bearta atá ann chun riosca a mhaolú. Tá an Clár Rioscaí á chothabháil ag Príomhoifigeach Rioscaí an Údaráis agus déantar é a nuashonrú ar bhonn leanúnach chun léargas a thabhairt ar rioscaí nua atá ag teacht chun cinn ag gach leibhéal san eagraíocht agus chun athruithe ar rialuithe chun rioscaí a mhaolú a léiriú. Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar an gClár Riosca gach ráithe. Déanann an tÚdarás athbhreithniú ar an gclár iomlán uair amháin sa bhliain ar a laghad. Is mír sheasta ar chlár oibre chruinniú míosúil an Údaráis é bainistíocht riosca agus déantar athbhreithniú ar thuarascáil mhíosúil Bainistíochta Riosca agus pléitear rioscaí sonracha. Déileáiltear le riosca agus bearta chun riosca a mhaolú i gcomhthéacs gach plé agus cinneadh suntasach a dhéanann an tÚdarás. Tá nósanna imeachta bunaithe chun riosca a bhainistiú ar fud na heagraíochta agus is mír sheasta ar an gclár oibre é ag cruinnithe bainistíochta, foirne, ball foirne agus tionscadail.

Córas na Rialuithe Inmheánacha

Tá córais agus nósanna imeachta láidre agus éifeachtacha rialuithe inmheánacha i bhfeidhm san Údarás chun comhlíontacht, de réir mar is cuí, a chinntiú le prionsabail, ceanglais agus treoirlínte ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí agus chun rioscaí a mhaolú. Tá athbhreithniú bliantúil déanta ag soláthróir an Iniúchta Inmheánaigh ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh lena chinntiú go bhfuil gach gné de bhainistíocht riosca agus rialú inmheánach don bhliain curtha san áireamh agus chun dearbhú a sholáthar maidir le leordhóthanacht na gcóras rialaithe inmheánaigh.

Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh don Údarás seachfhoinsithe chuig Crowleys DFK i ndiaidh próiseas soláthair a reáchtáil ag deireadh 2016, agus bronnadh conradh trí bliana i ndiaidh reáchtáil an phróisis. Baineadh leas as rogha chun an conradh seo a shíneadh in 2020 ar feadh tréimhse bliana, go dtí an 31 Eanáir 2021. Tá Cairt Iniúchta Inmheánaigh i bhfeidhm. Tá Clár Oibre Iniúchta Inmheánaigh i bhfeidhm agus rinneadh roinnt iniúchtaí inmheánacha in 2020 de réir an phlean.

Soláthar

Tá an ghníomhaíocht soláthair ar fad á treorú ag an gCód Caiteachais Phoiblí a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus bhí Plean Soláthair Chorparáidigh bunaithe le haghaidh 2020. Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun earraí agus seirbhísí a sholáthar. Lorgaítear ceadú foirmiúil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haghaidh gach caiteachas atá os cionn tairseach chomhaontaithe.

Tuairisciú Airgeadais

Bhí gach nós imeachta cuí le haghaidh tuairisciú airgeadais i bhfeidhm laistigh den Údarás in 2020, lena náirítear:

- Buiséad bliantúil a ndearna an tÚdarás monatóireacht ar an gcaiteachas a bhain leis, trí thagairt a dhéanamh do shainchúram reachtúil an Údaráis i rith na bliana;
- Chuir an Príomhfheidhmeannach forléargas airgeadais ar fáil do Chomhaltaí an Údaráis gach mí;
- Cuirtear tuarascálacha foirmiúla maidir le caiteachas iarmhír i gcomparáid le buiséid ar fáil don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gach mí agus cuirtear tuairisc ina leith faoi bhráid an Údaráis agus an Choiste Iniúchta agus Riosca gach mí;
- Déantar ionadaíocht ar an Údarás ag cruinnithe Choiste Bainistíochta Vóta Airgeadais na hEarnála Dlí agus Cirt chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas don Ghrúpa Vótaí, pléitear aon cheisteanna coiteanna airgeadais agus déantar athbhreithniú ar mhíreanna suntasacha nua caiteachais;
- Ullmhaítear an Cuntas Leithreasa Bliantúil agus cuirtear faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste é chun é a iniúchadh; agus
- Cuirtear tuarascálacha ábhartha agus tráthúla ina bhfuil faisnéis Airgeadais agus neamhairgeadais ar fáil don Bhainistíocht Shinsearach.

Reachtaíocht a Chomhlíonadh

Bunaíodh an tÚdarás faoi Acht an Gharda Síochána, 2005 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha an Achta sin. Tá socruithe i bhfeidhm freisin lena chinntiú go bhfuil na forálacha reachtúla seo a leanas á gcomhlíonadh, áit ar cuí:

**Cosaint Sonraí**

Tá an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus Acht um Chosaint Sonraí 2018 á gcomhlíonadh ag an Údarás. Tá socruithe déanta lena chinntiú go bhfuil an RGCS a tháinig i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018 á chomhlíonadh agus leanadh leis an obair i rith 2020 lena chinntiú go raibh RGCS á chomhlíonadh. Tá na socruithe seo á mbainistiú ag Oifigeach Cosanta Sonraí an Údaráis agus tá

an tOifigeach seo oilte go cuí agus tá líne dhíreach tuairiscithe chuig an bPríomhfheidhmeannach ar fáil. Tá fógra maidir le hOifigeach Cosanta Sonraí an Údaráis curtha chuig an Oifigeach um Chosaint Sonraí.

Tá Beartas Cosanta Sonraí bunaithe ag an Údarás a áirítear ann tacar treoirlínte do bhaill foirne bunaithe ar na hocht Riail Cosanta Sonraí lena chinntiú go bhfuil RGCS agus Acht um Chosaint Sonraí 2018 á gcomhlíonadh ag an Údarás. In 2020 fuair an tÚdarás trí Iarratas Rochtana Ábhair faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí. Ina theannta sin, rinneadh cinneadh amháin maidir le hIarratas Rochtana Ábhair ó 2019 a achomharc chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) in 2020 agus lorg an DPC sonraí maidir leis an ábhar ón Údarás agus cuireadh an t-ábhar i gcrích ina dhiaidh sin. Tuairiscíodh dhá shárú sonraí don DPC in 2020.

**Saoráil Faisnéise**

Soláthraíonn an tÚdarás faisnéis chuimsitheach ar a shuíomh idirlín maidir le comhlíonadh na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise. Áirítear anseo scéim foilseacháin a sholáthraíonn faisnéis faoi fheidhmeanna an Údaráis agus faoin ábhar a chuirtear ar fáil don phobal. Chinn an tÚdarás go luath i ndiaidh a bhunaithe foráil a dhéanamh le haghaidh an méid trédhearcachta agus ab fhéidir i ndáil lena chuid oibre agus cláir oibre agus miontuairiscí maidir lena chruinnithe agus cruinnithe coiste ar fad a fhoilsiú ar a shuíomh idirlín go rialta. Déantar a chruinnithe poiblí le Coimisinéir an Gharda Síochána a bheoshruthú agus a chur ar fáil ar ár suíomh idirlín. In 2020, fuair an tÚdarás ocht n-iarratas Saorála Faisnéise agus tá mionsonraí maidir leo le fáil sa loga nochtuithe ar shuíomh idirlín an Údaráis.

**Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014**

Tá an tÚdarás tiomanta d’athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a bheartais agus nósanna imeachta ionas go mbeidh prionsabail chearta an duine agus go sonrach na hoibleagáidí faoi Alt 42 d’Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (‘Acht 2014’) á gcomhlíonadh.

Leagann an tÚdarás béim ar leith ar an gceart chun nósanna imeachta cothroma, an ceart chun príobháideachais, rochtain chothrom agus cóir chomhionann i ngach gné dá fheidhmeanna agus déanann sé tréaniarracht a chinntiú go bhfuil ár ngníomhaíochtaí ar fad á gcur i gcrích againn trí lionsa chearta an duine agus an chomhionannais. Tá ár n-oibleagáidí sa chomhthéacs seo fréamhaithe inár gcuspóirí agus gníomhaíochtaí ar fad atá leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Bímid ag obair go leanúnach chun dínit agus leas ár bhfoireann ar fad a chosaint agus chun cultúr rannpháirtíochta agus measa a spreagadh ag féachaint do na cearta agus do na prionsabail seo. Táimid ag leanúint le cóiríocht réasúnach agus gníomhartha dearfacha a scrúdú agus a chur chun feidhme lena chinntiú go bhfuil ár n-áit oibre, ár gcleachtais oibre agus modhanna cumarsáide inrochtana dár lucht oibre agus páirtithe leasmhara éagsúla. Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar gach beartas agus cleachtas inmheánach lena chinntiú go bhfuil dea-chleachtas sna réimsí seo á gcomhlíonadh.

Tugann an tÚdarás aird ar Alt 42 i ndáil le soláthar, taighde agus seachadadh a sheirbhísí. In 2020, sholáthair an tÚdarás Póilíneachta oiliúint do chomhaltaí agus do bhaill foirne an Údaráis i ndáil le dualgas na hearnála poiblí faoi Alt 42 d’Acht 2014 lena chinntiú go dtuigeann an fhoireann ar fad na freagrachtaí a eascraíonn as Alt 42.

Tá suíomh idirlín an Údaráis, mar aon le faisnéis foilsithe eile, deartha ag cur prionsabal na cumarsáide soiléire agus inrochtana san áireamh. Cuireadh prionsabail inrochtaineachta san áireamh nuair a bhí an suíomh idirlín á dhearadh lena n-áirítear Tionscnamh Inrochtaineachta Gréasáin (WAI) agus Treoirlínte maidir le hInrochtaineacht Ábhair ar an nGréasán 2.0 AAA.

Tá Oifigeach Rochtana ag an Údarás a fheidhmíonn mar phointe teagmhála idir an custaiméir agus rannóg ábhartha na heagraíochta.

Tá sainordú reachtúil ag an Údarás maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmeanna an Gharda Síochána a bhaineann le seirbhísí póilíneachta. Áirítear anseo an fhreagracht dearbhú a sholáthar do gach pobal maidir le cultúr sa Gharda Síochána a chuimsíonn na caighdeáin eiticiúla is airde, a ghlacann le héagsúlacht agus a dheimhníonn cearta daonna an uile dhuine. Déanann an tÚdarás tréaniarracht, trína ghníomhaíochtaí maoirseachta agus measúnú ar fheidhmíocht an Gharda Síochána le linn dó seirbhísí maoirseachta a sholáthar, feabhas leanúnach a dhéanamh chomh fada is a bhaineann leis na prionsabail seo a leabú chun ionchais shochaí na hÉireann a chomhlíonadh seirbhís phóilíneachta a bheith aici atá ar na caighdeáin is airde de chearta an duine agus de chomhionannas.




**Comhionannas, Ilchineálacht agus Cuimsiú a Chur Chun Cinn**

Tá an tÚdarás tiomanta don chomhionannas, don ilchineálacht agus don chuimsiú a chur chun cinn agus admhaítear go bhfuil na príomh-mhéadrachtaí feidhmíochta do chomhlachtaí Stáit ní hamháin eacnamaíoch, ach go n-áiríonn siad cultúr, ilchineálacht agus cuimsiú mar aon le folláine na ndaoine atá fostaithe, ag cothú rannpháirtíocht níos mó i measc na foirne agus páirtithe leasmhara agus as a dtiocfaidh torthaí níos fearr do shaoránaigh agus do phobail. Soláthrófar buntáistí dearfacha don Rialtas agus don tsochaí mar thoradh ar mhná agus ar fhir a bheith ag obair agus ag rialú ar chomhchéim.

Cé gur ceist don Aire Dlí agus Cirt é comhaltaí an Údaráis a cheapadh, tá cothromaíocht inscne cuí maidir leis an Údarás leagtha amach sa Reacht[10] ina luaitear "agus comhaltaí an Údaráis á gceapadh, tabharfaidh an Rialtas aird ar an gcuspóir nach mbeidh níos lú ná 4 chomhalta ina mban agus 4 chomhalta ina bhfear".

Ba mhná iad leath den ochtar comhaltaí Údaráis in 2020 agus fir a bhí sa leath eile acu agus tá níos mó ná 50% de mhná ar an bhfoireann bainistíochta sinsearaí.

Leithdháileann an tÚdarás na cistí riachtanacha chun a chinntiú go ndéantar cóiríocht chuí do bhaill foirne faoi mhíchumas chun a chur ar a gcumas a bheith páirteach go hiomlán san ionad oibre.

Cuirtear ilchineálacht tuairimí chun cinn trí chuireadh agus fáilte a chur roimh raon leathan tuairimí ó chomhaltaí an Údaráis, an choiste agus baill foirne.

Dheimhnigh Meastóireacht Sheachtrach Neamhspleách ar an Údarás in 2020 láithreacht éagsúlacht peirspictíochtaí, a thacaíonn le plé agus díospóireacht an Údaráis agus a chuireann peirspictíochtaí níos leithne chun cinn ina phróiseas cinnteoireachta. Tá na comhaltaí sásta dúshlán cuiditheach a thabhairt don Fheidhmeannacht agus dá chéile freisin, chun a chinntiú go bhfuil éagsúlacht tuairimí agus peirspictíochtaí ann agus curtha chun cinn. Dheimhnigh an Mheastóireacht freisin neamhspleáchas breithiúnais agus ionchur, agus an timpeallacht fhabhrach atá ann laistigh den Údarás ina bhfuil cead cainte ag gach duine agus, nuair is gá, deis acu easaontú, agus is dea-theist sin ar an atmaisféar agus ar thimpeallacht an Údaráis.

Cuireann an tÚdarás ilchineálacht, comhionannas agus cuimsiú chun cinn trína Chlár Rannpháirtíochta do Pháirtithe Leasmhara, mar a pléadh thuas, trí éisteacht le réimse éagsúil páirtithe leasmhara, ar bhonn leanúnach, chun obair mhaoirseachta an Údaráis a threorú. I rith 2020, leag an tÚdarás béim láidir ar dhul i dteagmháil le grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar phobail éagsúla, lena n-áirítear grúpaí mionlaigh agus iad siúd atá ar an imeall agus nach gcloistear go minic, chun méid na cothroime agus an chothromais a fheidhmítear in úsáid chumhachtaí póilíní a mheas. Chuamar i dteagmháil freisin le comhaltaí agus baill foirne an Gharda Síochána agus a gcuid cumann agus ceardchumann.

**An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014**

Tá an tÚdarás Póilíneachta tiomanta do thimpeallacht a chothú ina mothaíonn gach duine atá ag obair san Údarás gur féidir leo "labhairt amach". Trí labhairt amach, is féidir le hoibrithe an eagraíocht a fheabhsú agus cabhrú lena chinntiú go bhfuil ardchaighdeáin á gcothabháil. Tá an tÚdarás tiomanta do chinntiú go n-éistear le haon ábhair atá ag déanamh imní do bhaill foirne, ionas gur féidir gníomh a dhéanamh chun déileáil leis na fadhbanna. Tá an tÚdarás tiomanta don chlár Sláine san Ionad Oibre de chuid *Transparency International.*

Foráiltear san Acht le haghaidh cosaintí dlíthiúla áirithe d'oibrithe a tharraingíonn aird ar ábhar imní maidir le héagóir phoitéinsiúil san ionad oibre. Leagtar amach ann céard is nochtadh cosanta ann agus cinnteacht maidir leis na cosaintí dlí atá i bhfeidhm chun oibrithe a dhéanann nochtuithe cosanta a chosaint. De réir an Achta, d'fhorbair an tÚdarás Beartas um Nochtadh Cosanta a leagtar amach ann na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun éagóir a thuairisciú de réir cheanglais Acht um Nochtadh Cosanta 2014, agus cuireadh oiliúint ar fáil maidir le conas nochtadh cosanta a dhéanamh. Leagtar amach sa Bheartas na prionsabail atá ag tacú le forbairt agus cothabháil cultúr eiticiúil san eagraíocht

Alt 62C dAcht an Ghárda Síochána, 2005 arna leasú

agus cuireadh mionsonraí oibríochtúla ar fáil maidir le conas is féidir le baill foirne agus le comhaltaí den Údarás nochtuithe cosanta a dhéanamh.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtuithe cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) d'Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Tá an tuarascáil bhliantúil a cheanglaítear faoi alt 22(1) den Acht foilsithe ar shuíomh idirlín an Údaráis.

## 6. Faisnéis Airgeadais

Tá an tÚdarás, le linn dó a shainordú a chur i gcrích, á mhaoiniú go díreach ón Státchiste i bhfoirm leithdháileadh bliantúil ón gCaiteachas Vótáilte.

Is é an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Údaráis agus, sa cháil sin, tá sé cuntasach don Oireachtas i ndáil le gach ciste vótáilte chuig an Údarás chun seirbhísí a sholáthar.

**Caiteachas in 2020**

Bhí ollchaiteachas ó Vóta an Údaráis Póilíneachta le haghaidh 2020 cothrom le €2.817 milliún. San áireamh anseo bhí párolla foirne a bhí cothrom le €2.087 milliún, a bhí cothrom le 74% den chaiteachas iomlán.

Is i bhfoirm Cuntas Leithreasa Bliantúil a chuirtear ráitis airgeadais an Údaráis i láthair, Cuntas a chuireann an tOifigeach Cuntasaíochta faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh. Foilseoidh AC&C Cuntas 2020 an Údaráis i bhfoilseachán na gCuntas Leithreasa i Meán Fómhair 2021.

Soláthraítear sa tuarascáil airgeadais achomhair go dtí an 31 Nollaig 2020 in Aguisín 3 anailís ar staid an Vóta agus faisnéis ghaolmhar le haghaidh 2020. Tá an tuarascáil seo faoi réir iniúchta a bheidh á dhéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i rith 2021.

**Costais Chionroinnte**

Le cois costas atá tabhaithe go díreach ag an Údarás, ní mór costais tabhaithe ag Ranna agus ag oifigí eile a bhreithniú chun léargas iomlán a thabhairt ar an gcostas a bhaineann le feidhmiú an Údaráis.

Tabhaíodh na costais chionroinnte seo a leanas in áit éigin eile thar ceann an Údaráis:

- €8,000 faoi Vóta 9 - Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim;
- €253,000 faoi Vóta 13 - Oifig na nOibreacha Poiblí i ndáil le cíos agus seirbhísí gaolmhara le haghaidh oifigí an Údaráis;
- €5,000 faoi Vóta 18 - Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta i ndáil le AD agus Seirbhísí Comhroinnte Párolla; agus
- €49,000 faoi Vóta 24 - An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i ndáil le Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

**Táillí, Tuarastail agus Costais**

Tá an táille bhliantúil atá iníoctha le Comhaltaí an Údaráis Póilíneachta le haghaidh 2020 de réir an ráta atá faofa ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. De réir threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe níor íocadh aon táille le seirbhísigh phoiblí a bhí ag feidhmiú ar an Údarás. I gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leis an Roinn Dlí agus Cirt, íocadh táillí a bhíonn iníoctha de ghnáth le Comhalta den Údarás go díreach le fostóir an Dr Vicky Conway, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, maidir le fad a athcheaptha leis an Údarás mar chúiteamh ar chostas deise an ama a chaitheann an Dr Conway ar obair don Údarás.

Tá treoirlínte pá an Rialtais maidir le pá POFanna agus fostaithe Comhlachtaí Stáit á gcomhlíonadh. Is státseirbhísigh iad fostaithe uile an Údaráis agus íoctar luach saothair dóibh de réir scálaí tuarastail na státseirbhíse de réir mar is cuí dá ngrád agus seirbhís.

Bhí an costas iomlán a bhain le párolla foirne an Údaráis in 2020 cothrom le €2.087 milliún. Méadaíodh líon foirne an Údaráis ó 33 i mí Eanáir 2020 go 36 amhail an 31 Nollaig 2020.

Tá eolas maidir le líon na bhfostaithe a raibh a sochair fostaithe iomlána (tá ÁSPC Fostóra san áireamh, níl costais phinsin fostóra san áireamh) íoctha in 2020 a bhain leis na bandaí pá seo a leanas le fáil sa tábla thíos:

| Banda Pá | Líon na bhFostaithe |
|---|---|
| €60,000 - €70,000 | 1 |
| €70,000 - €80,000 | 4 |
| €80,000 - €90,000 | 3 |
| €90,000 - €100,000 | 0 |
| €100,000 - €110,000 | 2 |
| €120,000 - €130,000 | - |
| €130,000 - €140,000 | - |
| €140,000 - €150,000 | - |
| €150,000 - €160,000 | - |
| €160,000 - €170,000 | 1 |
| €170,000 - €180,000 | 0 |

Bhí cúiteamh comhiomlán fhoireann bhainistíochta shinsearach an Údaráis in 2020, tuarastail agus ÁSPC Fostóra san áireamh, cothrom le €441,930. Lena chois sin, íocadh costais iomlána €1,056 i ndáil le taisteal a rinne an fhoireann bainistíochta shinsearach le linn dóibh dualgais oifigiúla a chur i gcrích.

Íoctar costais taistil le Comhaltaí an Údaráis agus baill foirne an Údaráis de réir mar is cuí agus de réir Bheartas Taistil an Údaráis. In 2020 bhí an caiteachas iomlán a bhain le fáilteachas agus bronntanais cothrom le €349.

**Caiteachas Comhairleachta**

In 2020 bhain caiteachas iomlán €29,871 le táillí comhairleachta agus comhairleora sheachtraigh, sna catagóirí seo a leanas:

- Dlí €23,384
- Comhairleach €1,845

**Cánachas**

Chomhlíon an tÚdarás a oibleagáidí faoin dlí cánach in 2020.

**An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997**

Is é polasaí an Údaráis Póilíneachta téarmaí Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 a chomhlíonadh ina n-iomláine. Tá nósanna imeachta bunaithe ag an Údarás lena chinntiú go n-íoctar sonraisc laistigh den teorainn ama reachtúil. Cé go bhfuil na nósanna imeachta deartha chun comhlíontacht iomlán leis an Acht a chinntiú, ní sholáthraíonn siad ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú absalóideach i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha leis an Acht. Bhí tionchar ag an bpaindéim COVID-19 ar amlínte íocaíochta in 2020 agus próisis íocaíochta oiriúnaithe á gcur i bhfeidhm in oiriúint don chianobair.

In 2020, ag eascairt as socruithe cianoibre le linn COVID-19, thabhaigh 71 sonrasc pionóis as íoc déanach. Bhí luach na sonrasc ar fad a íocadh déanach cothrom le €3,671.56 (€412.56 in ús agus €3,259.00 mar chúiteamh). Bhí an méid seo cothrom le 7.2% de luach iomlán na sonrasc a íocadh go déanach, sé sin €50,976.39. Tá an cheist réitithe anois.

## Aguisín 1 - Stádas Thosaíochtaí Corparáideacha 2020 ar an 31 Nollaig 2020

An tÚdarás Póilíneachta
Policing Authority

| Eochair Dul Chun Cinn | Stádas RAG |
|---|---|
| Bainte | Ar sprioc de réir an phlean |
| Ar bun | I mbaol - Idirghabháil riachtanach |
| Níor | Saincheisteanna suntasacha - ní dócha |
| Curtha siar | |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta | Gníomhartha | Stádas RAG a bhfuiltear ag súil leis in R4 | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|
| 1) Cur le clár an Rialtais maidir le hathchóiriú póilíneachta | • Comhairle a chur ar an Aire agus ar an nGrúpa Forfheidhmithe mar is cuí de réir mar a fhorbraítear sonraí chinneadh an Rialtais maidir le póilíneacht agus athchóiriú maoirseachta | • Comhairle a chur ar an Aire agus ar an nGrúpa Forfheidhmithe mar is cuí de réir mar a fhorbraítear sonraí chinneadh an Rialtais | Bainte Amach | Nótaí tráchta na straitéise um Cheartas Coiriúil curtha faoi bhráid an DJ |
| | • Páirt a ghlacadh sa phróiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána | • Dul i dteagmháil leis an GS, leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus le páirtithe leasmhara eile chun na hathbhreithnithe atá beartaithe ar rialacháin agus ar phróisis Araíonachta an GS a athbhreithniú i gcónaí. | Níor baineadh é seo amach mar gheall ar fhachtóirí nach bhfuil aon smacht ag an ÚP orthu | Chuir an GS doiciméad faoi bhráid na Roinne ar an 30 Deireadh Fómhair. Ní fhaca an ÚP é seo go fóill agus ní dócha go bhfeicfidh roimh dheireadh na bliana. Cé nach bhfuil aon dul chun cinn déanta, rinneadh teagmháil leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir |
| | • Páirt a ghlacadh i socruithe idirlinne maidir le tograí an Rialtais do shocruithe nua maoirseachta | • Moltaí le haghaidh athraithe ar bhonn riaracháin a chur chun cinn nuair is indéanta | Bainte Amach a mhéid is féidir | Áiríodh san aighneacht chuig an Roinn ar an mBille Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail, nótaí tráchta ar chaidreamh an chomhlachta nua atá beartaithe leis an oifig Náisiúnta beartaithe um Shábháilteacht Pobail. Leantar le dréachtú dlíthiúil, áfach, agus tá aighneachtaí breise beartaithe in 2021. |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta | Gníomhartha | Stádas RAG a bhfuiltear ag súil leis in R4 | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|
| **2) Monatóireacht agus measúnú ar fheidhmíocht póilíneachta an Gharda Síochána** | • Meastóireacht mhíosúil ar Phlean Póilíneachta 2020 ag an bhFeidhmeannacht le tacaíocht ó chuairteanna suímh a dearadh chun fianaise a thabhairt ar bhaint amach an Phlean | • Athbhreithniú agus nuashonrú ar thuairisciú míosúil chun léargas a thabhairt ar Phlean Póilíneachta 2019<br>• Teagmháil a choinneáil le Cigireacht an Gharda Síochána<br>• Creat fianaise don Phlean Póilíneachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme<br>Prótacail maidir le cuairteanna suímh a fheabhsú, lena n-áirítear ábhair roimh agus i ndiaidh cruinnithe faisnéise | **Bainte Amach** | Eagraíodh roinnt príomhchruinnithe fianaise ó rinneadh an nuashonrú deireanach. Tá obair ar siúl chun cabhrú le riarthóirí sna réimsí ábhair éagsúla, ábhair faisnéise a fhorbairt de réir mar is gá. |
| | • Tuarascáil leathbhliana agus bliana iomláine a chur ar fáil ar fheidhmíocht an Gharda Síochána in aghaidh Phlean Póilíneachta 2020 | • Tuarascáil iomlán bliana 2019 a chur i dtoll a chéile<br>• Tuarascáil lár bliana 2020 a chur i dtoll a chéile<br>Tuarascálacha coicíse a sholáthar don Aire ar phóilíneacht COVID-19 | **Bainte Amach** | Cuireadh an dá thuarascáil ar fáil. Leantar le tuairiscí ar phóilíneacht COVID-19 a chur ar fáil don Aire |
| | • Cinneadh ar an bhformáid do Thuarascáil Bhliantúil Choimisinéir an Gharda Síochána faoin 28 Feabhra 2020 | • Cruinniú le hOifig Cumarsáide Corparáidí an GS maidir le pleananna don Tuarascáil Bhliantúil<br>• Litir a chur faoi bhráid an Choimisinéara ag leagan amach treoir don Tuarascáil Bhliantúil | **Bainte Amach** | |
| | • Cruinnithe leathbhliantúla a reáchtáil leis an gCoimisinéir Cúnta Slándála agus Faisnéise | • Cruinniú amháin le Slándáil agus Faisnéis AC roimh dheireadh na bliana.<br>• Eolas eagraíochta a bhailiú ar an bhfeidhm Slándála agus Faisnéise agus maoirseacht a dhéanamh air seo mar a bhaineann sé le faisnéis choiriúil agus réimsí eile faoi shainchúram an Údaráis. | **Bainte Amach** | Cruinniú á eagrú ag MT faoi láthair. Is dócha go mbainfear amach |
| | • Athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainneacht Tuarascáil Mhíosúil an Choimisinéara chun maoirseacht an Údaráis a fheabhsú tuilleadh | • An tuarascáil a choinneáil faoi athbhreithniú agus aon ábhair nach mór a áireamh a shainaithint ar bhonn gnáthrialta. | **Bainte Amach** | Is tasc leanúnach é seo a leanann ar aghaidh in 2021. Ba chóir na gníomhartha a theastaíonn le haghaidh 2020 a bheith bainte amach faoi dheireadh mhí na Nollag. |
| | • Tosaíochtaí Póilíneachta do 2021 curtha faoi bhráid an Aire faoi dheireadh Mheán Fómhair 2020 | • Machnamh a dhéanamh ar an gcur chuige maidir le forbairt ar Thosaíochtaí Póilíneachta<br>• Tabhairt faoi chomhairliúchán maidir leis na Tosaíochtaí Póilíneachta<br>• Tosaíochtaí Póilíneachta a chur faoi bhráid an Aire | **Bainte Amach** | Aontaíodh Tosaíochtaí Póilíneachta agus cuireadh faoi bhráid an Aire iad ón nuashonrú deireanach |
| | • Plean Póilíneachta 2021 ceadaithe agus curtha faoi bhráid an Aire faoi dheireadh mhí na Nollag 2020 | • Plean Póilíneachta 2020 athbhreithnithe agus ceadaithe faoi Bhealtaine 2020<br>• Idirchaidreamh a dhéanamh leis an nGarda Síochána maidir le forbairt Phlean Póilíneachta 2020<br>• Tacú leis an gCoiste PS&P agus le forbairt an Údaráis ar spriocanna don Phlean Póilíneachta 2020<br>Ceardlann Phlean Póilíneachta 2020 a eagrú, más gá<br>Plean Póilíneachta 2020 a chur faoi bhráid an Aire | **Níor baineadh é seo amach mar gheall ar fhachtóirí nach bhfuil aon smacht ag an ÚP orthu** | Toisc nach dócha go gcuirfear an Plean Póilíneachta faoi bhráid an Aire faoi dheireadh na bliana ní féidir an gníomh seo a chur i gcrích |
| | • Freastal ar 4 chruinniú réigiúnacha agus 10 gcruinniú rannáin PAF | • Cur chuige maidir le tinreamh ag cruinnithe PAF a aithint agus a dhoiciméadú<br>• Freastal fíorúil ar 6 chruinniú réigiúnacha agus 10 gcruinniú rannáin PAF chun tacú le maoirseacht | **Níor baineadh é seo amach mar gheall ar shrianta COVID-19** | Ní bhainfear sprioc-uimhir PAFanna amach i bhfianaise an chomhthéacs reatha. Freastalaíodh ar PAFanna leordhóthanacha chun réimsí maoirseachta eile a chur ar an eolas |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta | Gníomhartha | Stádas RAG a bhfuiltear ag súil leis in R4 | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|
| **3) Raon na mbeart feidhmíochta póilíneachta a leathnú agus a dhoimhniú** | • An creat feidhmíochta a fheabhsú trí bhearta feidhmíochta ábhartha a fhorbairt, ag tagairt do dhea-chleachtas idirnáisiúnta | • Páirt a ghlacadh sa ghrúpa stiúrtha agus cuidiú le hathbhreithniú ar chaiteachais DPER a chur i gcrích | **Bainte Amach** | Cuidíodh leis an athbhreithniú caiteachais. Bhreithnigh an tÚdarás an páipéar deiridh agus tugadh barúlacha breise don DPER chun bonn eolais a chur faoin obair sa réimse seo sa todhchaí. |
| | • Leanúint ar aghaidh leis an obair chun tuiscint an Údaráis ar 'shocrú caighdeán' don phóilíneacht in Éirinn a threorú | • Scrúdaigh an cur chuige atá ag comhlachtaí maoirseachta póilíneachta i ndlínsí eile maidir le socrú caighdeán<br>• Taighde a dhéanamh chun príomhghnéithe cumhachtaí, feidhmeanna, reachtaíocht thacaíochta atá roghnaithe ag gníomhaireachtaí a shainaithint<br>• Cruinnithe a eagrú le gníomhaireachtaí éagsúla le haghaidh ionchur cáilíochtúil a dhéanamh<br>• Tuarascáil ardleibhéil a ullmhú le cur faoi bhráid an Údaráis<br>• Anailís chomparáideach a dhéanamh ar ghnéithe socruithe caighdeán na reachtaíochta nua de réir mar a leanann an próiseas reachtach ar aghaidh | **Níor baineadh é seo amach mar gheall ar shrianta COVID-19** | Rinneadh tosaíocht a bhaint ón obair seo chun go bhféadfaí an acmhainn a atreorú chuig tuairisciú COVID-19. |
| | • Tuiscint an Údaráis ar chumhachtaí póilíní a fhorbairt | • Aighneacht tosaigh a ullmhú mar fhreagairt ar an iarratas ar bharúlacha ag déanamh cur síos ar threoirphrionsabal ardleibhéil a úsáidfidh an tÚdarás chun a aighneacht deiridh a chruthú.<br>• An dara aighneacht níos mionsonraithe a ullmhú le barúlacha an Údaráis ar an dréacht-Bhille maidir le Cumhachtaí Póilíneachta. | **Bainte Amach** | Cé gur cuireadh páipéar an Údaráis faoi bhráid an DoJE táthar ag súil le hidirghníomhaíocht leanúnach leis an Roinn de réir mar a bhíonn an Bille beartaithe á dhréachtú. |
| | • Taighde a choimisiúnú ar ról ionchúisimh an Gharda Síochána | • Cead a fháil ón DPER chun tairiscint a dhéanamh;<br>• Tairiscint a mheas agus a bhronnadh;<br>• Bainistiú agus foilsiú a dhéanamh lena thabhairt chun críche; | **Níor baineadh é seo amach mar gheall ar shrianta COVID-19** | Tionscadal le hathbhreithniú mar chuid d'fhorbairt na Straitéise Corparáidí 2021 i bhfianaise COVID, agus an Grúpa Athbhreithnithe Ardleibhéil a bhunú. |
| | • Clár spriocdhírithe teagmhála le grúpaí páirtithe leasmhara | • Plean teagmhála páirtithe leasmhara 2020 a ullmhú.<br>Plean feabhsaithe do pháirtithe | **Bainte Amach** | |
| | • An obair leanúnach a bhainistiú maidir leis an athbhreithniú ar rabhaidh aosach | • Oibriú le Crowe chun an dréacht-tuarascáil a thabhairt chun críche.<br>• An tuarascáil deiridh a fhoilsiú. | **Níor críochnaíodh** | Tar éis aighneachtaí agus cruinnithe leis an GS críochnófar an tuarascáil athbhreithnithe roimh dheireadh 2020 ach ní fhoilseofar í go dtí Eanáir 2021. |
| | • Taighde leanúnach a bhainistiú go dtí go gcríochnófar é chun eispéiris íospartach ar an nGarda Síochána a thuiscint níos fearr agus a fhoilsiú | • Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn trí thuairisciú míosúil rialta agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a thagann chun cinn de réir mar is gá;<br>• Tuarascálacha eatramhacha agus deiridh a athbhreithniú, agus aiseolas a sholáthar de réir chaighdeáin an Údaráis;<br>• Foilsiú agus cur chun cinn | **Níor baineadh é seo amach mar gheall ar shrianta COVID-19** | Tuarascáil eatramhach foilsithe ar an suíomh idirlín. An Coiste um Eitic Taighde le teacht le chéile ar an 17 Nollaig chun athbhreithniú a dhéanamh air. Céim 2 le tosú Eanáir 2021. |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta | Gníomhartha | Stádas RAG a bhfuiltear ag súil leis in R4 | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|
| 4) **An córas le haghaidh Ceapachán in An Gharda Síochána a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú** | • Comórtais roghnúcháin a reáchtáil thar ceann an Choimisinéara Cúnta, an Ard-Cheannfoirt agus an Cheannfoirt | • Comórtas an Cheannfoirt a ullmhú agus a reáchtáil<br>• Comórtas an Ard-Cheannfoirt a ullmhú agus a reáchtáil<br>• Comórtas an Choimisinéara Cúnta a ullmhú agus a reáchtáil | **Bainte Amach** | Comórtas an Ard-Cheannfoirt Críochnaithe. Comórtas an Leas-Choimisinéir fós ar siúl. |
| | • Leanúint leis an bpróiseas roghnúcháin a fhorbairt de réir dea-chleachtais | • Athbhreithniú a dhéanamh ar oibriúchán na tástála a úsáideadh i gcomórtais 2019/2020 agus cinneadh a<br>• dhéanamh maidir le forbairt meicníochtaí tástála nua de réir mar is gá.<br>Próisis comórtais agus ceapacháin roghnúcháin a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir an chleachtais is fearr agus i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara | **Bainte Amach** | Iarradh agus leithdháileadh buiséad le haghaidh tástála 2021 agus chun creataí inniúlachta nua a fhorbairt. RFT réidh le fógraíocht a dhéanamh. |
| | • Maoirseacht a dhéanamh ar athchóiriú an phróisis ardú céime do Sháirsintí agus Cigirí an Gharda Síochána agus ionchur a sholáthar san athbhreithniú ar na rialacháin nua um ardú céime agus na socruithe rialachais atá beartaithe do chomórtais chur chun cinn na nGardaí do na céimeanna seo. | • Dul i dteagmháil leis an GS agus leis an Roinn chun forbairt rialachán agus próiseas nua le haghaidh ardú céime go Sáirsint agus Cigire sa GS a athbhreithniú. | **Bainte Amach** | Tá an teagmháil ag leanúint ar aghaidh agus tá na tuairimí is déanaí ón Údarás ar na Rialacháin curtha faoi bhráid an DoJ. |
| | • Maoirseacht a dhéanamh ar earcaíocht na nGardaí, agus aird ar leith á tabhairt ar shaincheisteanna na hilchineálachta | • Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí maidir le hearcaíocht an Gharda Síochána agus<br>• Straitéis Cúlchiste na nGardaí agus ionchur an Údaráis a sholáthar<br>Maoirsiú ar earcaíocht an Gharda Síochána de réir an chleachtais is fearr agus riachtanais an Gharda Síochána, agus aird ar leith á tabhairt ar shaincheisteanna na hilchineálachta | **Bainte Amach** | Tá monatóireacht ag dul ar aghaidh. Ag fanacht le Plean Lucht Oibre fós. |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta | Gníomhartha | Stádas RAG a bhfuiltear ag súil leis in R4 | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|
| 5) **Monatóireacht agus tacú le nuachóiriú agus athchóiriú an Gharda Síochána** | • Meastóireacht mhíosúil agus tuairisciú tréimhsiúil ar chur i bhfeidhm athruithe sa Gharda Síochána, ag tagairt go háirithe do phríomhréimsí caighdeán sonraí agus do chur i bhfeidhm Samhail Oibriúcháin nua an Gharda Síochána | • Dul i dteagmháil le hOifig Athrú Straitéiseach an GS agus le hionadaithe eile an GS maidir le dul chun cinn ar thionscnaimh athchóirithe agus in aghaidh an Phlean Póilíneachta. | **Bainte Amach** | Eagraíodh cruinniú an 23 Samhain le hionadaithe an GS maidir le cur i bhfeidhm breise na Samhla Oibriúcháin. Tá an tSamhail beartaithe le breithniú ag ODC ar an 9 Nollaig agus le haghaidh teagmháil idir an tÚdarás agus an Coimisinéir ar an 16 Nollaig. |
| | • Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bainistíochta feidhmíochta sa Gharda Síochána | • Dul i dteagmháil leis an GS, monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm doiciméad bainistíochta feidhmíochta agus athbhreithnithe agus tuarascálacha ar bhonn leanúnach chun tuiscint agus maoirseacht an Údaráis ar bhainistíocht feidhmíochta sa GS a fheabhsú. | **Bainte Amach** | Cuireadh stop leis an dul chun cinn maidir le feidhmiú céimneach eagraíochta. D'aithin athbhreithniú ar an gcóras saincheisteanna, amhail nach raibh an córas ag feidhmiú i gceart, nach léiríonn an córas struchtúr reatha na heagraíochta agus saincheisteanna maidir le hoiliúint. Cuireadh cuairt ón bhFeidhmeannas chun athbhreithniú a dhéanamh ar PALF go praiticiúil ar athló mar gheall ar COVID. |
| | • Measúnú a dhéanamh ar fhreagairt an Gharda Síochána agus an dul chun cinn atá déanta chun déileáil leis na saincheisteanna a d'eascair as an Iniúchadh Cultúir agus torthaí Iniúchadh Cultúir 2020; | • Dul i dteagmháil le hEitic agus Cultúr an GS ar bhonn ráithiúil agus torthaí a thuairisciú don Choiste Forbartha Eagraíochta | **Bainte Amach** | Rinneadh an cinneadh gan an cruinniú ráithiúil deiridh a thionól mar gheall ar chruinniú níos déanaí in R3 agus faisnéis leordhóthanach á sholáthar tríd aighneachtaí i scríbhinn ag an GAR. |
| | • Measúnú leanúnach ar dhul chun cinn maidir le leabú an Chóid Eitice sa Gharda Síochána | • Rannpháirtíocht leis an mBiúró Eitice agus Cultúir ar bhonn ráithiúil agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na gcomhaltaí agus na mball foirne a shíníonn an Cód agus na tionscnaimh ghaolmhara atá deartha chun an Cód a leabú san eagraíocht a thuilleadh. | **Bainte Amach** | Cinneadh gan an rannpháirtíocht ráithiúil deiridh a thionól mar gheall go raibh dóthain faisnéise á sholáthar ag aighneachtaí i scríbhinn tríd an GAR. |
| | • Leanúint le maoirseacht a dhéanamh ar athbhreithniú an Gharda Síochána ar bheartais agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun déileáil le nochtadh cosanta | • Leanúint ar aghaidh ag déileáil leis an GS chun an tuarascáil deiridh a fháil maidir le hathbhreithniú an GS ar Nochtadh Cosanta agus an tÚdarás a choinneáil ar an eolas. | **Níor baineadh é seo amach mar gheall ar fhachtóirí nach bhfuil aon smacht ag an ÚP orthu** | Stiúrthóir Feidhmiúcháin Dlí i mbun oibre i rith mhí na Samhna. Tá athbhreithniú le fáil fós ón GS agus ní féidir leis an tosaíocht chorparáideach seo dul ar aghaidh go dtí go bhfaighidh an ÚP an t-athbhreithniú seo |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta | Gníomhartha | Stádas RAG a bhfuiltear ag súil leis in R4 | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn R4 |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| **6) An rannpháirtíocht le struchtúir chomhphóilíneachta áitiúla a neartú** | • Faoi dheireadh mhí Feabhra 2019, nádúr agus méid rannpháirtíochta an Údaráis leis na Coistí Comhpháirteacha Póilíneachta (CCPanna) agus Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (LRPanna) in 2020 a leagan amach, lena n-áirítear cur i láthair a dhéanamh do CCPanna agus cás-staidéir a shainaithint a léiríonn dea-chleachtas. | • Plean rannpháirtíochta CCP a fhorbairt<br>• Plean rannpháirtíochta CCP a chur chun feidhme | **Bainte amach** | |
| | • Riachtanais oiliúna CCP a aithint agus socruithe a dhéanamh chun imeachtaí oiliúna a reáchtáil in 2020 | • Riachtanais Oiliúna CCP a aithint<br>• Oiliúint a fhorbairt<br>• Seisiúin oiliúna a shocrú | **Níor baineadh é seo amach mar gheall ar shrianta COVID-19** | Cé go n-aithnítear riachtanais oiliúna le linn caidreamh le JPCanna níor forbraíodh an oiliúint agus ní dhéanfar í a sholáthar. Cuireadh an oiliúint siar go dtí 2021. |
| | • Ábhair a scaipeadh chuig CCPanna, lena n-áirítear teimpléid, chun comhsheasmhacht faisnéise a fheabhsú | • Teimpléid a fhorbairt agus a sholáthar do CCPanna | **Bainte amach a mhéid agus is féidir** | |
| | • Cruinniú bliantúil Chathaoirligh na CCPanna le reáchtáil roimh an 30 Meán Fómhair 2020 | • Cruinniú bliantúil na gCathaoirleach a eagrú agus a thionól faoin 30 Meán Fómhair | **Bainte Amach** | |
| | • I bhfianaise na dtograí reachtaíochta a gealladh, machnamh a dhéanamh ar an obair eatramhach a d'fhéadfadh cabhrú leis na CCPanna measúnú a dhéanamh ar sheachadadh an Phlean Póilíneachta Áitiúil faoi Mheitheamh 2020 | • Cúnamh is féidir a sholáthar do CCPanna a aithint agus iad i mbun measúnaithe ar Phleananna Póilíneachta Áitiúla | **Níor baineadh é seo amach mar gheall ar shrianta COVID-19** | Ba é an fócas in 2020 cúnamh a sholáthar do CCPanna agus iad ag dul i mbun oibre le linn COVID. Sainaithníodh réimsí cúnaimh maidir le pleananna Póilíneachta Áitiúla ach níor scaipeadh iad. |
| | • Go bhfreastalódh pearsanra an Údaráis ar 25 fóram póilíneachta áitiúla agus fóraim eile ar a laghad, ar fud an réigiúin | • Freastail ar 25 fóram póilíneachta áitiúla agus fóraim eile, ar fud an réigiúin | **Bainte Amach** | Táthar ag súil go mbeidh rannpháirtíocht déanta le 25 CCP agus 4 LPF faoi dheireadh na bliana |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta | Gníomhartha | Stádas RAG a bhfuiltear ag súil leis in R4 | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|
| 7) Cumas an Údaráis a fhorbairt i réimse Chearta an Duine | • Feabhas a chur ar chumas an Údaráis monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Gharda Síochána dá n- oibleagáidí maidir le cearta an duine thar gach réimse oibriúcháin | • Oiliúint ábhartha um chearta an duine a aithint agus a chinntiú do chomhaltaí an Údaráis agus do bhaill foirne<br>• Rannpháirtíocht le comhlachtaí maoirseachta eile agus leis an GS maidir le socruithe agus struchtúir reatha | Bainte Amach | Ba leor an oiliúint a chuir J Wadham ar fáil in 2019 agus an Dr Vicky Conway in 2020 chun eolas ardleibhéil a sholáthar do bhaill foirne. Beidh seisiún oiliúna inmheánach deiridh ar siúl i mí na Nollag ar Bhunachar Sonraí Chearta an Duine an ÚP |
| | • Creat um Chearta an Duine don phóilíneacht a thabhairt chun críche | • Dréachtchreat um Chearta an Duine a ullmhú chun go bhféadfaidh an Garda Síochána monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh Chearta an Duine.<br>• Bunachar sonraí a fhorbairt d'ailt agus rialuithe cúirte a bhaineann le Cearta an Duine atá ábhartha don phóilíneacht mar chuid de chleachtadh mapála um Chearta an Duine. | Bainte Amach | Tá dréachtchreat agus bunachar sonraí curtha i gcrích. Is cáipéisí beo iad seo agus beidh siad faoi réir athbhreithnithe. Cuirfear straitéis agus plean feidhmithe in ionad an chreata in 2021 |
| | • Comhairleoir/Saineolaí um Chearta an Duine a fhostú | • Saineolaí ar chearta an duine a fhostú chun creat monatóireachta póilíneachta um chearta an duine agus ról monatóireachta leanúnach a fhorbairt | Bainte amach a mhéid agus is féidir | Fostaíodh saineolaí ar chearta an duine chun an Cód Eitice a athbhreithniú ó thaobh chearta an duine de. Eiseofar RFT nua le haghaidh tuilleadh oibre. Ní cheapfar aon chomhairleoir aonair ar chearta an duine. |
| | • Feabhas a chur ar thuiscint an Údaráis ar phríobháideacht agus ar chosaint sonraí i gcomhthéacs dul chun cinn teicneolaíochta sa phóilíneacht | • Na saincheisteanna póilíneachta ina bhféadfadh saincheisteanna príobháideachta nó cosanta sonraí a bheith i gceist a aithint agus faisnéisiú a ullmhú don Údarás ar na saincheisteanna atá i gceist. | Bainte Amach | Bhuail an Fheidhmeannacht le DPO an GS i mí na Nollag. I measc na saincheisteanna a pléadh bhí Foireann agus acmhainní na hOifige um Chosaint Sonraí sa GS, an Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí agus GDPR sa GS, forbairtí i dTeicneolaíocht na bPóilíní (ceamaraí caite ar chorp, aitheantas uathoibríoch uimhreacha, CCTV, aitheantas aghaidhe srl.), Nuashonruithe ar an gcóras PULSE; aitheantóirí Eitneacha a bhailiú, déileáil le sonraí pearsanta leanaí, agus aistrithe sonraí idirnáisiúnta i gcomhthéacs an Bhreatimeachta. |
| | • Oiliúint ar Chearta an Duine a sholáthar do Chomhaltaí agus baill foirne an Údaráis | • Oiliúint a eagrú do Chomhaltaí agus do bhaill foirne | Bainte Amach | Ba leor an oiliúint a chuir J Wadham ar fáil in 2019 agus an Dr Vicky Conway in 2020 chun eolas ardleibhéil a sholáthar do bhaill foirne. Beidh seisiún oiliúna inmheánach deiridh ar siúl i mí na Nollag maidir le Bunachar Sonraí Chearta an Duine an ÚP |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta | Gníomhartha | Stádas RAG a bhfuiltear ag súil leis in R4 | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|
| **8) Maoirseacht a dhéanamh ar shaincheisteanna suntasacha póilíneachta de réir mar a thagann siad chun cinn** | • Dul chun cinn an Gharda Síochána maidir le gníomhartha comhaontaithe a chur i bhfeidhm thar raon réimsí póilíneachta a rianú agus a mheas, lena n-áirítear drochúsáid ghnéasach leanaí, póilíniú bóithre, Clár Athstiúrtha Óige, dúnbhású, póilíneacht oird phoiblí, samplaí DNA agus úsáid fórsa | • Tacú le maoirseacht leanúnach an Údaráis ar shaincheisteanna a bhaineann le tuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána ar Dhrochúsáid Ghnéasach Leanaí<br>• Tacú le maoirseacht leanúnach an Údaráis ar shaincheisteanna a bhaineann le Póilíniú Bóithre<br>• Tacú le maoirseacht leanúnach an Údaráis ar shaincheisteanna a bhaineann le hAthstiúradh Óige | **Bainte amach a mhéid agus is féidir** | |
| | • Freagraí ar iarratais ón Aire agus tuarascálacha tríú páirtí de réir mar a thagann siad chun cinn | • Tuarascáil maidir le maoirseacht ar phóilíniú COVID-19 | **Bainte Amach** | |
| **9) Tuiscint níos fearr a fháil ar oiliúint agus oideachas an Gharda Síochána** | • Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Straitéis Foghlama agus Forbartha an Gharda Síochána agus tograí le haghaidh athruithe ar chlár oiliúna earcaigh/promhóra an Gharda Síochána | • Monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas earcaíochta agus Stiúrthóir Foghlama & Forbartha a cheapadh in An Garda Síochána<br>• Dul i dteagmháil leis an GS agus le páirtithe leasmhara eile maidir le hobair an ghrúpa saineolaithe ar Fhoghlaim agus Fhorbairt chun na forbairtí a choinneáil faoi athbhreithniú<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise Oiliúna<br>Díriú ar oiliúint iontógálacha 193, 201 and 202 | **Níor baineadh é seo amach mar gheall ar fhachtóirí nach bhfuil aon smacht ag an ÚP orthu** | Níl Stiúrthóir L&D fós i bhfeidhm mar gheall ar ábhair a bhaineann le freagrachtaí an róil. Níor tugadh straitéis Oiliúna an GS chun críche mar gheall nach bhfuil Stiúrthóir L&D ann chun ionchur a sholáthar. |
| | • Leanúint ar aghaidh le cur i láthair a dhéanamh gach 3 seachtaine d'oiliúnaithe Chéim 3 ar Chlár Bunoiliúna an Gharda Síochána agus le haghaidh cúrsaí atá á gcur ar fáil do Bhaill Foirne atá tar éis ardú céime a fháil de réir mar a cheadaíonn na hacmhainní | • Socruithe a dhéanamh le haghaidh cur i láthair d'earcaigh Chéim 3 an Gharda Síochána agus an sceideal oiliúna a chomhordú<br>• Ábhar cur i láthair agus tacaíochta a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir mar is gá<br>• Leanúint le fiosrú a dhéanamh le Coláiste an Gharda Síochána ar chúrsaí oiliúna poiblíochta GS/CPD | **Níor baineadh é seo amach mar gheall ar shrianta COVID-19** | |
| | • Measúnú ar stádas chlúdach oiliúint tiomána an Gharda Síochána faoin 30 Meitheamh 2020 | • Dul i dteagmháil le Biúró Póilíneachta Bóithre GS faoi bheartas agus nósanna imeachta maidir le hoiliúint tiomána Garda | **Níor baineadh é seo amach mar gheall ar fhachtóirí nach bhfuil aon smacht ag an ÚP orthu** | |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta | Gníomhartha | Stádas RAG a bhfuiltear ag súil leis in R4 | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|
| 10) **Athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe Rialachais Chorparáidigh an Gharda Síochána** | • Monatóireacht agus measúnú ar éifeachtúlacht na struchtúr agus socruithe laistigh de An Garda Síochána a dhéanann maoirseacht ar fheidhmíocht, a shainaithníonn riosca agus a chuireann eolas ar fáil do dhea-chleachtas i soláthar póilíneachta de réir fheidhm reachtúil an Údaráis chun na hábhair seo a athbhreithniú, lena n-áirítear Coiste Iniúchta an Gharda Síochána, Iniúchadh Inmheánach, Caighdeáin Ghairmiúla agus Bainistíocht Riosca | • Tacú le maoirseacht an Údaráis ar Iniúchadh Inmheánach agus PSU sa Gharda Síochána trí athbhreithniú a dhéanamh ar a bPleananna Oibre Bliantúla agus ar a dtuarascálacha agus ar shaincheisteanna leasa;<br>• Tacú leis an Údarás an Chathaoirleach agus comhaltaí Choiste Iniúchta an GS a cheapadh<br>• Tacú leis an Údarás san athbhreithniú ar thuarascáil bhliantúil Choiste Iniúchóireachta an GS agus rannpháirtíocht le Cathaoirleach an Choiste Iniúchta | Bainte Amach | Is tasc leanúnach é seo a leanann ar aghaidh in 2021. Beidh na gníomhartha a theastaíonn le haghaidh 2020 curtha i gcrích faoi dheireadh mhí na Nollag. |
| | • Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm straitéis Frith-éillithe an Gharda Síochána | • Leanúint leis an Údarás a choinneáil ar an eolas faoi na riachtanais a bhaineann leis an meastóireacht ar GRECO.<br>• Leanúint leis an Údarás a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn maidir le bunú fheidhm Frith-Éillithe an Gharda Síochána. | Bainte Amach | Cuireadh GRECO siar go dtí 2021 agus níor eisíodh tuarascáil GI go fóill. Leanadh an dul chun cinn maidir le ACU go dlúth agus bhí rannpháirtíocht idir an tÚdarás agus an Feidhmeannas go minic. Cuireadh an ACU i bhfeidhm ar an 30 Samhain. |
| 11) **Leanúint le tuiscint a fháil ar na hacmhainní atá ar fáil do An Garda Síochána, an tslí a n-úsáidtear na hacmhainní seo agus an nasc le feidhmíocht** | • Páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Oibre Comhpháirteach ar Acmhainní an Gharda Síochána ar bhonn míosúil chun monatóireacht a dhéanamh ar imlonnú agus úsáid acmhainní | • Freastal ar an ngrúpa oibre agus ar aon fhoghrúpa atá ag tuairisciú nó ag déanamh monatóireachta<br>• Cur chuige a fhorbairt don athbhreithniú ar thuairisciú míosúil ón ngrúpa Athchóirithe agus Acmhainní<br>• Maoirseacht agus cur leis an athbhreithniú ar fheidhm Airgeadais an Gharda Síochána, de réir mar is cuí<br>• Tacú leis an Údarás ina mhaoirseacht ar acmhainní an GS | Bainte Amach | |
| | • Meastóireacht ar dhul chun cinn agus tuairisciú an Gharda Síochána ar phleanáil don fhórsa saothair, earcaíocht, sibhialtachú agus ath-imlonnú Chomhaltaí an Gharda Síochána chuig póilíniú sa líne thosaigh | • Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn phleanáil an fhórsa saothair, sibhialtachú agus ath-imlonnú trí thuarascálacha agus cruinnithe ilghníomhaireachta<br>• Tacú le hobair an Choiste Forbartha Eagraíochta maidir le pleanáil fórsa saothair, sibhialtachú agus ath-imlonnú. | Bainte Amach | Ní bhfuarthas aon phlean fórsa saothair cé gur cuireadh in iúl don GS nach gceadófar aon chásanna gnó breise gan plean 2021. |
| | • Freagairt go pras d'iarratais chuig an Údarás le haghaidh méaduithe ar líon agus grád chomhaltaí foirne an Gharda Síochána agus ceapacháin a dhéanamh de réir feidhmeanna reachtúla | • Cásanna gnó a riar agus a mheas le haghaidh faomhadh fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána agus moltaí a dhéanamh maidir le faomhadh nuair is cuí | Bainte Amach | Sháraigh an tÚdarás an teorainn de 500 ball foirne nua d'fhonn príomhróil i TFC agus GSAS a cheadú ach ní cheadófar níos mó cásanna nua go dtí go mbeidh plean fórsa saothair faighte agus go mbeidh cinneadh déanta ag an Rialtas líon na bpost nua a mhéadú thar 500. |
| | • Comhairle a sholáthar don Aire maidir le leordhóthanacht Acmhainní an Gharda Síochána faoin 31 Iúil 2020 | • Tacú leis an Údarás agus iad ag déanamh measúnú ar acmhainní an Gharda Síochána agus ag ullmhú comhairle don Aire | Bainte Amach | |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta | Gníomhartha | Stádas RAG a bhfuiltear ag súil leis in R4 | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|
| 12) Cumas taighde an Údaráis a chomhtháthú agus a chomhdhlúthú | • Grúpa Comhairleach Taighde a bhunú | • Taighde a dhéanamh ar ról, sainchúram agus comhdhéanamh na nGrúpaí Comhairleacha Taighde i ngníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile dá samhail;<br>• Tuarascáil ardleibhéil a ullmhú le breithniú ag an Údarás;<br>• Faoi réir cheadú an Údaráis, comhaltaí a roghnú agus a cheapadh de réir na scileanna agus na n-inniúlachtaí a theastaíonn. | Bainte Amach | REC le teacht le chéile an 17 Nollaig chun taighde íospartach a athbhreithniú **in ionad an ghnímh seo**. |
| | • Plean Taighde 2020 i bhfeidhm faoin 31 Eanáir 2020 | • Forbraíodh agus ceadaíodh Straitéis agus Plean Taighde 2020 | Bainte Amach | |
| | • Taighde a choimisiúnú agus tabhairt faoi a thacaíonn le hobair an Údaráis | • Ábhair taighde cuí a shainaithint de réir Phlean Straitéise Taighde 2020 mar atá ceadaithe;<br>• É a choimisiúnú nó tabhairt faoi go hinmheánach mar is cuí;<br>• Taighde a fhoilsiú. | Bainte amach a mhéid agus is féidir | Tá tionscadail taighde ina gcuimsítear obair ghrúpaí fócais nó agallaimh le GS nó le foireann líne thosaigh ar fionraí faoi láthair agus tá sceidil leasaithe i gceist dá réir don obair seo |
| | • An scéim sparánachta a bhainistiú agus a mheas ar a thabhairt chun críche agus tuarascálacha a fhoilsiú | • Bainistíocht a dhéanamh ar bhonn leanúnach go mbaintear amach é | Níor baineadh é seo amach mar gheall ar shrianta COVID-19 | An tuarascáil deiridh a fuarthas ar thionscadal COC a dhréachtú, a mbeidh tuilleadh eagarthóireachta le déanamh uirthi, agus ní dócha go mbeidh sí curtha i gcrích roimh Eanáir. Spriocdhátaí athbhreithnithe UCD aontaithe don dréacht-tuarascáil ag deireadh Eanáir 2021. |
| | • Leanúint leis an bpróiseas rannpháirtíochta acadúil | • Imeacht rannpháirtíochta amháin ar a laghad a shainaithint, a fhorbairt agus a reáchtáil ar théama a bhaineann le hobair an Údaráis; | Bainte Amach | Tuarascáil curtha i gcrích agus le foilsiú ar an suíomh idirlín an tseachtain dar tús 7 Nollaig |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta | Gníomhartha | Stádas RAG a bhfuiltear ag súil leis in R4 | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|
| 13) Cumarsáid sheachtrach a fheabhsú | • Leagfar amach i bPlean Gníomhaíochta Cumarsáide 2020 conas a dhéanfaidh an tÚdarás cumarsáid, conas a chuirfear faisnéis ar fáil, daoine a chur ar an eolas faoi phóilíneacht agus éisteacht le páirtithe leasmhara, faofa ag an Údarás ag an gcruinniú a reáchtáladh i mí Eanáir 2020 agus curtha chun feidhme ina iomláine | • Plean Gníomhaíochta Cumarsáide 2020 a fhorbairt agus a fhaomhadh<br>• Plean Oibre Cumarsáide 2020 a chur chun feidhme | Bainte Amach | |
| | • Cúig chruinniú, ar a laghad, a reáchtáil go poiblí le Coimisinéir an Gharda Síochána | • Na háiseanna agus an lóistíocht do chruinnithe poiblí an Údaráis a bhainistiú<br>• Cúrsaí Cumarsáide do na cruinnithe poiblí a bhainistiú don Údarás | Bainte Amach | Is tasc leanúnach é seo a leanann ar aghaidh in 2021. Beidh na gníomhartha a theastaíonn le haghaidh 2020 curtha i gcrích faoi dheireadh mhí na Nollag. |
| | • 2 imeacht phoiblí comhrá maidir le raon saincheisteanna póilíneachta a fhorbairt agus a reáchtáil | • Comhrá poiblí maidir le téamaí a bhaineann le hobair an Údaráis a shainaithint, a fhorbairt agus a reáchtáil (is dócha go mbeidh COVID ina measc i dtreo dheireadh na bliana) | Bainte amach a mhéid agus is féidir | Tharla an tImeacht Acadúil - socraíodh nach mbeadh an dara imeacht indéanta i gcomhthéacs atreorú acmhainní chuig Maoirseacht ar phóilíneacht COVID. |
| | • Obair an Údaráis a chur chun cinn ag ócáid náisiúnta in 2020 eg Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta | • Iarratas a dhéanamh ar sheastán poiblíochta ag an ócáid<br>• Socruithe a dhéanamh do réimse gníomhaíochtaí agus ábhar poiblíochta. | Níor baineadh é seo amach mar gheall ar shrianta COVID-19 | Cuireadh na mórimeachtaí ar fad a raibh rún freastal orthu ar ceal in 2020. Cuirfear an gníomh seo siar go dtí 2021. |
| | • Tionscnamh a reáchtáil chun póilíneacht agus maoirseacht a chur chun cinn agus chun daoine óga a chur ar an eolas | • Tionscnamh ar théama a bhaineann le hobair an Údaráis, agus a bhaineann le daoine óga a shainaithint, a fhorbairt agus a reáchtáil ; | Níor baineadh é seo amach mar gheall ar shrianta COVID-19 | Curtha siar mar gheall ar shrianta Covid-19 agus acmhainní, ach reáchtáladh imeacht acadúil maidir le leanaí agus iontaobhas agus muinín sna póilíní. |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta | Gníomhartha | Stádas RAG a bhfuiltear ag súil leis in R4 | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|
| **14) Rialachas agus cleachtas na heagraíochta a chothabháil agus a fheabhsú** | • Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú á chomhlíonadh ag an Údarás | • Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar chomhlíontacht leis an gCód Cleachtais agus cur i bhfeidhm riachtanais nua<br>• Doiciméid rialachais a athbhreithniú agus a nuashonrú | **Bainte Amach** | Is tasc leanúnach é seo a leanann ar aghaidh in 2021. Beidh na gníomhartha a theastaíonn le haghaidh 2020 curtha i gcrích faoi dheireadh mhí na Nollag. |
| | • Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis curtha faoi bhráid an Aire faoin 31 Márta 2020 | • Ullmhú Thuarascáil Bhliantúil 2019 an Údaráis<br>• Foilsiú na Tuarascála Bliantúla | **Bainte Amach** | |
| | • Plean gníomhaíochta maidir le faisnéis chorparáideach a fhorbairt agus tús a chur leis | • Cinneadh agus measúnú a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil chun Córais Bainistíochta Doiciméad an Údaráis a fheabhsú<br>• Teagmháil a dhéanamh leis an DJE, ICT agus OGCIO maidir le cur i bhfeidhm chórais na státseirbhíse má bhaineann le hábhar | **Níor baineadh é seo amach mar gheall ar fhachtóirí nach bhfuil aon smacht ag an ÚP orthu** | |
| | • Tuarascálacha iniúchóireachta inmheánacha agus seachtracha dearfacha agus cur chun feidhme moltaí iniúchóireachta comhaontaithe | • Comhlíontacht le córas oiriúnach de rialuithe inmheánacha a chinntiú<br>• Comhoibriú le hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha<br>• Teagmháil le agus tacaíocht d'iniúchóirí inmheánacha agus Coiste Iniúchta | **Bainte Amach** | Is tasc leanúnach é seo a leanann ar aghaidh in 2021. Beidh na gníomhartha a theastaíonn le haghaidh 2020 curtha i gcrích faoi dheireadh mhí na Nollag. |
| | • Riaradh ardfheidhmíochta, le tacaíocht ó fhoghlaim agus forbairt chuí chun acmhainn na heagraíochta a thógáil, comhlíonadh na gceanglas reachtúil agus rialála agus réitigh nuálacha chun maoirseacht éifeachtach a sholáthar | • Plean Oiliúna a ullmhú agus oiliúint a sheachadadh de réir riachtanais na mball foirne<br>• Baill foirne a earcú de réir na scileanna agus na n-inniúlachtaí a theastaíonn | **Bainte Amach** | |
| | • Oibriú leanúnach Phlean Leanúnachais Gnó an Údaráis a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air chun feidhmeanna an Údaráis a chothabháil agus chun folláine baill foirne a chinntiú le linn na géarchéime Covid 19 | • Plean Leanúnachais Gnó (BCP) an Údaráis a choinneáil cothrom le dáta agus tástáil a dhéanamh ar an bplean.<br>• I gcomhthéacs Covid 19, an BCP a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar a oibriúchán agus é a choigeartú de réir mar is gá chun freastal ar riachtanais ghnó agus chumarsáide an Údaráis, slándáil sonraí a chosaint agus tacú le héifeachtacht oibre agus folláine baill foirne<br>• Pleananna a leagan amach le haghaidh athbhreithnithe ar shocruithe oibre de réir riachtanais sláinte phoiblí ar bhonn leanúnach i rith na bliana | **Bainte Amach** | Is tasc leanúnach é seo a leanann ar aghaidh in 2021. Tá na bearta atá riachtanach do 2020 curtha i gcrích. |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta | Gníomhartha | Stádas RAG a bhfuiltear ag súil leis in R4 | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn R4 |
|---|---|---|---|---|
| 15) Tuiscint a fháil ar réimsí atá ag teacht chun cinn sa phóilíneacht agus sa choireacht | • Tuiscint a chruthú ar na saincheisteanna chun cur ar chumas an Údaráis maoirseacht a dhéanamh ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn sa phóilíneacht agus sa choireacht lena n-áirítear dul chun cinn teicneolaíochta i bpóilíneacht, coireacht eacnamaíoch | • Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara lena n-áirítear lucht acadúil, comhlachtaí maoirseachta i dtíortha eile, gníomhaireachtaí ceartais choiriúil eile;<br>• Freastal ar chomhdhálacha agus seimineáir agus monatóireacht a dhéanamh ar irisleabhair acadúla agus ar fhoilseacháin eile chun coinneáil suas le saincheisteanna ábhartha;<br>Páipéir faisnéise agus achoimrí táblacha a ullmhú mar eolas don Údarás de réir mar is gá | Bainte Amach | Leanúint le hathbhreithniú leanúnach ar litríocht/foilseacháin ábhartha chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar chomhdhálacha agus seimineáir ghréasáin don Údarás ina iomláine. |
| 16) Maoirseacht éifeachtach a sholáthar maidir le Póilíneacht Covid 19 | • Fócas an Údaráis a oiriúnú ar bhealach sofhreagrúil chun maoirseacht éifeachtach agus thráthúil a sholáthar ar chumhachtaí feabhsaithe an Gharda Síochána i gcomhthéacs Covid 19 | • Tacú leis an Údarás fócas na maoirseachta a oiriúnú chun cumhachtaí nua an Gharda Síochána a chumhdach<br>• Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhlachtaí reachtúla eile, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus JPCanna chun maoirseacht an Údaráis sin ar phóilíneacht Covid 19 a chur ar an eolas. | Neamhbhear taithe a bhaineann le Covid - Bainte amach | |
| | • Tuarascáil a chur ar fáil don Aire ar mhaoirseacht an Údaráis ar phóilíneacht Covid 19 | • Meicníochtaí a fhorbairt go tapa chun tuairisciú sofhreagrúil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar thorthaí maoirseachta<br>• Tuarascálacha maoirseachta a ullmhú agus a fhoilsiú don Aire gach coicís agus de réir mar is gá | Neamhbhear taithe a bhaineann le Covid - Bainte amach | |
| | • Rannpháirtíocht dhlúth a choinneáil le Coimisinéir an Gharda Síochána agus le comhghleacaithe agus comhairle agus tacaíocht a sholáthar de réir mar is cuí le linn ré Covid 19 | • Teagmháil le Coimisinéir an Gharda Síochána agus le comhghleacaithe sinsearacha chun coinneáil suas leis an timpeallacht atá ag athrú go tapa<br>• Teagmháil leis an GS chun tuairiscí a fháil ar úsáid cumhachtaí agus gnéithe eile de phóilíneacht Covid 19 de réir mar is gá. | Neamhbhear taithe a bhaineann le Covid - Bainte amach | |

## Aguisín 2 - Staitisticí Comórtais do Cheapacháin Shinsearacha an Gharda Síochána 2020

| Comórtas Roghnúcháin: Coimisinéir Cúnta 2020 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **De réir na céime** | **Líon na n-Iarratasóirí** | **De réir inscne** | **Líon na n-Iarratasóirí** | **De réir na hEagraíochta Fostaíochta** | **Líon na n-Iarratasóirí** |
| **Ard-Cheannfort** | 22 | **Fir** | 18 | **An Garda Síochána** | 22 |
| **Céimeanna eile** | 1 | **Mná** | 5 | **PSNI** | 1 |
| **Iomlán** | **23** | **Iomlán** | **23** | **Iomlán** | **23** |
| **Comórtas Roghnúcháin: Ard-Cheannfort 2020** | | | | | |
| **De réir na céime** | **Líon na n-Iarratasóirí** | **De réir inscne** | **Líon na n-Iarratasóirí** | **De réir na hEagraíochta Fostaíochta** | **Líon na n-Iarratasóirí** |
| **Ceannfort** | 56 | **Fir** | 55 | **An Garda Síochána** | 59 |
| **Céimeanna eile** | 6 | **Mná** | 7 | **PSNI** | 3 |
| **Iomlán** | **62** | **Iomlán** | **62** | **Iomlán** | **62** |
| **Comórtas Roghnúcháin: Ceannfort 2020** | | | | | |
| **De réir na céime** | **Líon na n-Iarratasóirí** | **De réir inscne** | **Líon na n-Iarratasóirí** | **De réir na hEagraíochta Fostaíochta** | **Líon na n-Iarratasóirí** |
| **Cigire** | 73 | **Fir** | 67 | **An Garda Síochána** | 71 |
| **Céimeanna eile** | 3 | **Mná** | 9 | **PSNI** | 5 |
| **Iomlán** | **76** | **Iomlán** | **76** | **Iomlán** | **76** |

| Painéil bunaithe agus Ceapacháin 2020 | | | |
|---|---|---|---|
| **Céim** | **Líon na n-iarrthóirí ar an bpainéal** | **Líon na n-iarrthóirí ceaptha (ar an 31/12/20)** | **Dáta Éaga an Phainéil:** |
| **Coimisinéir Cúnta** | **3** | 3 | 23/03/21 |
| **Ard-Cheannfort** | **13** | 0 | 14/12/21 |
| **Ceannfort** | **27** | 23 | 27/07/21 |

## Aguisín 3 - Tuarascáil Airgeadais Achomair 2020

Tá achoimre ar chaiteachas in 2020[11] ar Vóta an Údaráis le fáil sa tábla thíos.

| Fo-cheannteideal | Soláthar sna Meastacháin | Caiteachas |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **A (i) Tuarastail, Pánna agus Liúntais** | | |
| Tuarastail, srl. | 2,213 | 2,087 |
| Ragobair | 0 | 0 |
| **Iomlán A (i)** | **2,213** | **2,087** |
| | | |
| **A (ii) Taisteal agus Cothú** | | |
| 1. Taisteal agus Cothú | 48 | 7 |
| 2. Íocaíocht Fritháirimh Astaíochtaí Aerthaistil | 2 | 0 |
| **Iomlán A (ii)** | **50** | **7** |
| | | |
| **A (iii) Oiliúint agus Forbairt agus Costas Teagmhasach** | | |
| 1. Oiliúint agus Forbairt Foirne | 60 | 45 |
| 2. Caidreamh Poiblí agus Fógraíocht | 65 | - |
| 3. Cruinnithe Poiblí | 40 | 17 |
| 4. Foilseacháin, Tuarascálacha, Tréimhseacháin srl. | 20 | 9 |
| 5. Siamsaíocht | 10 | 5 |
| 6. Ilghnéitheach | 335 | 228 |
| 7. Táillí agus Costais Comhaltaí | 215 | 221 |
| **Iomlán A (iii)** | **745** | **525** |
| | | |
| **Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide** | | |
| Seirbhísí Poist | 11 | - |
| Teileachumarsáid | 39 | 12 |
| **Iomlán A (iv)** | **50** | **12** |
| | | |
| **A (v) Trealamh Oifige agus Seirbhísí Seachtracha TF** | | |
| 1. Ríomhaire, srl. (Reatha) | 105 | 129 |
| 2. Trealamh & Stáiseanóireacht Oifige | 20 | 10 |
| **Iomlán A (v)** | **125** | **139** |
| | | |
| **A (vi) Costais Áitreabh Oifige** | | |
| 1. Cothabháil | 39 | 27 |
| 2. Teas, Solas & Breosla | 36 | 15 |
| 3. Troscán agus Feistis | 55 | 3 |
| **Iomlán A (vi)** | **130** | **45** |
| | | |
| **A (vii) Seirbhísí Comhairleachta agus Athbhreithnithe ar Luach ar** | 100 | **2** |
| **Airgead agus ar Bheartais** | **3,413** | **2,817** |
| **Caiteachas Iomlán** | | |
| **lúide** | | |
| **B. Leithreasaí-i-gCabhair.** | 47 | 66 |
| Tobhach Pinsean | **47** | **66** |
| **Iomlán A-in-A** | | |
| | **3,366** | **2,751** |

Faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

| **Glanchaiteachas** | | |
|---|---|---|

## Aguisín 4 - Ráiteas ar Rialú Inmheánach an Chathaoirligh

Admhaím freagracht an Údaráis as an gcóras de rialú inmheánach.

Ní féidir le haon chóras de rialú inmheánach den sórt sin ach dearbhú réasúnach, seachas dearbhú absalóideach, a thabhairt i gcoinne earráid ábhartha. Agus éifeachtacht na rialuithe inmheánacha á mbreithniú, tugann an tÚdarás aird, i measc rudaí eile, ar cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus rinne sé gach iarracht ó bunaíodh é agus lean sé ar aghaidh i rith 2020 chun riachtanais an Chóid a leanúint chomh fada agus is cuí do ghníomhaireacht bheag, neamhthráchtála, neamhspleách.

Tá na nósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm, atá deartha chun rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar, saincheaptha chun léargas a thabhairt ar mhéid agus ar chastacht na heagraíochta agus chun léargas a thabhairt ar nádúr forbarthach an Údaráis i rith a chúigiú bliain i mbun feidhme. Sa chomhthéacs seo, tugaim faoi deara gur costais a bhain le pá a bhí i gcuid mhór de chaiteachas an Údaráis in 2020 a bhí á riaradh ag an Ionad Comhroinnte Párolla san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) agus dá bharr sin tá siad faoi réir na gcóras de rialú inmheánach, lena n-áirítear iniúchadh inmheánach, atá i bhfeidhm san eagraíocht sin. Cuireann ONSC agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais seirbhísí eile AD, TFC agus próiseála idirbheart airgeadais i gcrích thar ceann an Údaráis.

Tá céimeanna curtha i gcrích ag an Údarás lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe cuí ann tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Deighilt shoiléir a dhéanamh idir feidhmeanna agus cumhachtaí an Údaráis agus na Feidhmeannachta;
- Ceanglais tuairiscithe rialta a shonrú maidir le cúrsaí airgeadais, riosca agus rialachais;
- Coiste Iniúchta agus Riosca a bhunú;
- Cóid Iompair a bhunú agus a fhoilsiú do chomhaltaí agus do bhaill foirne an Údaráis;
- A chinntiú go bhfuil dóthain oiliúna agus taithí ag na baill foirne; agus
- Iarracht a dhéanamh cultúr agus luachanna láidre a bhunú, a spreagann ardchaighdeáin d’iompar eiticiúil ar fud na heagraíochta.

I rith 2020, thug an tÚdarás aird leanúnach ar fheidhmiú a chórais bainistíochta riosca chun rioscaí gnó a shainaithint agus chun a n-impleachtaí a mheas. Tá maoirseacht á déanamh ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca ar an gcóras Bainistíochta Riosca. Is mír sheasta ar an gclár oibre ag cruinnithe míosúla an Údaráis é riosca áit a ndéantar athbhreithniú ar an tuarascáil Bainistíochta Riosca, áit a ndéantar monatóireacht ar rioscaí suntasacha agus gníomhartha maolaithe, agus áit a ndéantar iarracht déileáil le riosca i gcomhthéacs chinntí suntasacha uile an Údaráis.

Thug an Fhoireann Bainistíochta Sinsearach, an Coiste Iniúchta agus Riosca, Iniúchóirí Inmheánacha agus an tÚdarás aird ghéar ar bhonn leanúnach ar thionchar COVID-19 ar oibríochtaí an Údaráis i gcoitinne agus ar an timpeallacht rialaithe ina bhfeidhmíonn an tÚdarás. Ar dtús ba iad na rioscaí suntasacha a sainaithníodh ná na rioscaí a bhaineann le leanúnachas gnó agus sláinte agus sábháilteacht, ar ghlac an tÚdarás bearta ina leith láithreach mar fhreagairt ar chúrsaí a bhí i mbéal forbartha. Tugadh faoi na gníomhartha seo a leanas:

- An fhreagracht as leanúnachas gnó a leithdháileadh ar an mBainisteoir Leanúnachais Gnó ainmnithe;

- Beartas obair ón mbaile a thabhairt isteach láithreach do bhaill foirne ar fad;
- Cianrochtain ar an líonra a rolladh amach chuig gach ball foirne chun obair ón mbaile a éascú;
- Bearta dochta um rialú ionfhabhtuithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in oifigí an Údaráis;
- Treoirlínte/meabhrúcháin a chur in iúl don fhoireann ar fad maidir le conas oibriú ón mbaile go sábháilte agus go héifeachtach, agus aird chuí a thabhairt ar chosaint sonraí agus rialuithe inmheánacha cuí;
- Trealamh riachtanach a sholáthar chun obair ón mbaile a chumasú lena n-áirítear cumarsáid laistigh den eagraíocht;
- Beartas cumarsáid rialta a chur i bhfeidhm idir bainisteoirí agus baill foirne agus iad ag obair ón mbaile;
- Cur chuige leanúnach dírithe ar rannpháirtíocht agus folláine foirne le linn na paindéime.

Agus aird ar leith á tabhairt ar rialuithe inmheánacha le linn na tréimhse éigeandála COVID-19:

- Leanadh d'obair an Choiste Iniúchta agus Riosca agus maoirseacht iniúchta inmheánaigh gan aon chur isteach agus go háirithe rinneadh an t-iniúchadh inmheánach bliantúil ar rialuithe mar a bhí beartaithe agus tugadh aird ar leith ar thionchar COVID-19;
- Coinníodh príomh-rialuithe airgeadais, agus rinneadh próisis áirithe a oiriúnú chun freastal ar chianobair. Bhí tionchar ar amlínte íocaíochta agus na próisis oiriúnaithe á nglacadh, ach tá siad curtha i gceart ó shin. Tá aird ar leith á tabhairt ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca, na hiniúchóirí inmheánacha agus baill foirne sa réimse airgeadais ar an réimse áirithe seo.
- Chun an riosca follasach go gcaillfí pearsanra le linn na tréimhse a mhaolú, coinníodh feidhmeanna AD agus pearsanra freisin, agus rinneadh pearsanra nua a earcú agus a thabhairt isteach ar leibhéal an Údaráis agus na foirne araon.
- Lean comhaltaí agus baill foirne uile an Údaráis orthu ag obair ón mbaile le linn na tréimhse éigeandála, le freastal ar an oifig socraithe roimh ré, ar choinníoll go soláthrófaí foirm chuí sláinte COVID agus in imthosca eisceachtúla amháin. Coinnítear taifead ar aon tinreamh den sórt sin ar bhonn leanúnach.
- D'eagraigh an tÚdarás 21 cruinniú Údaráis in 2020, 11 leis an gCoimisinéir agus 5 cinn go poiblí. Ón 11 Márta 2020 eagraíodh gach cruinniú den sórt sin go cianda, agus rinneadh beosruthú ar na cruinnithe poiblí.

I measc na nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha tá:

**An Coiste Iniúchta agus Riosca**
Tháinig an Coiste Iniúchta agus Riosca le chéile 6 huaire in 2020. Cuireadh Tuarascáil Bhliantúil an Choiste faoi bhráid an Údaráis agus tá an Tuarascáil ar fáil ar shuíomh idirlín an Údaráis. Táim sásta gur chomhlíon an Coiste a ról go cuí i rith na bliana.

Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca agus an tÚdarás athbhreithniú ar an Ráiteas seo chun a chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe atá i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe. Tá athbhreithniú ar an gcóras rialuithe inmheánacha, a chuir an soláthróir iniúchta inmheánaigh ar fáil i mí Feabhra 2021, ag tacú leis an measúnú seo.

**Rialuithe Airgeadais agus Bainistíochta**
Tá rialuithe airgeadais iomchuí i bhfeidhm agus doiciméadaithe, lena n-áirítear nósanna imeachta airgeadais, deighilt dualgas, maoirseacht chuí, teorainneacha údaraithe agus faofa, próisis chuntasaíochta, rialú ar shócmhainní fisiciúla agus athbhreithniú bainistíochta.

Tá córais bhuiséid agus mhonatóireachta cuí i bhfeidhm bunaithe ar thaifid airgeadais atá á gcoimeád ag

na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi Chomhaontú Seirbhísí Comhroinnte. Tá dearbhú faighte ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne maidir le leordhóthanacht na gcóras seo agus na rialuithe inmheánacha gaolmhara. Tá breis córas oibríochtúil chun cur ar chumas an Údaráis faisnéis a bhainistiú bunaithe nó á bhforbairt de réir na ngníomhaíochtaí agus na gceanglas gnó.

Tá na rialacha agus treoirlínte soláthair ábhartha reatha atá sonraithe ag Oifig um Sholáthar Rialtais á gcomhlíonadh ag an Údarás.
Rinne an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh athbhreithniú ar éifeachtacht chóras na rialuithe inmheánacha i mí Feabhra 2021.

**Iniúchadh Inmheánach**
Bunaíodh feidhm iniúchta inmheánaigh don Údarás in Eanáir 2017 i ndiaidh próiseas soláthair a reáchtáil chun an fheidhm iniúchta inmheánaigh a sheachfhoinsiú. Cuireadh conradh i bhfeidhm le Crowleys DFK i mí Eanáir 2017 ar feadh tréimhse trí bliana faoi Chairt Iniúchta Inmheánaigh. Cuireadh síneadh bliana leis an gconradh faoi théarmaí an chonartha reatha. Rinneadh trí iniúchadh inmheánacha in 2020. Ina theannta sin rinneadh athbhreithniú ar éifeachtacht agus ar rialú i mí Feabhra 2021.

Nuair a bhí athbhreithniú á dhéanamh ar leordhóthanacht agus ar éifeachtacht an chórais Rialaithe Inmheánaigh, chuathas ar iontaoibh na nithe seo a leanas:

- •Pleanáil agus obair iniúchta rioscabhunaithe fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh curtha i gcrích in 2020, agus tuarascálacha iniúchta inmheánacha gaolmhara, go háirithe an t-athbhreithniú bliantúil a rinneadh ar rialuithe inmheánacha i mí Feabhra 2021
- •Tuarascálacha agus athbhreithnithe bainistíochta, lena n-áirítear dul chun maidir le moltaí iniúchta, tosaíochtaí corparáideacha agus gníomhartha an Údaráis a chur chun feidhme;
- •Clár Rioscaí an Údaráis;
- •Ba é an Coiste Iniúchta agus Riosca a rinne an obair seo;
- •Tuarascáil AC&C maidir leis an iniúchadh a rinne siad ar an gCuntas Leithreasa; agus
- •Dearbhuithe ó eagraíochtaí seachtracha a bhfuil feidhmeanna seachfhoinsithe chucu, lena n-áirítear:
    - Ón Ard-Rúnaí, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais;
    - Tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais;
    - Ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le TFC; agus
    - Ón ONSC maidir le soláthar AD agus Seirbhísí Comhroinnte Párolla.

Déanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear an Ráiteas seo ar Rialú Inmheánach, mar chuid den iniúchadh ar an gCuntas Leithreasa lena dheimhniú go bhfuil ceanglais Mhír 1.9 (iv) den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú á gcomhlíonadh ag an Údarás agus go bhfuil sé comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá ar eolas acu bunaithe ar a gcuid oibre iniúchta.



**Bob Collins**
**Cathaoirleach**
**31 Márta 2021**

## Aguisín 5 - Úsáid Fuinnimh 2020

Úsáid fuinnimh a Bhainistiú

Tá an tÚdarás Póilíneachta lonnaithe ar urlár amháin i bhfoirgneamh ina bhfuil cúig urlár ag 90 Sráid an Rí Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. I rith na bliana 2020 ceapadh triúr fostaithe, agus bhí 36 ball foirne ar fad ann ar an 31 Nollaig 2020.

Tá an tÚdarás tiomanta i gcónaí do phlean uile-Rialtais maidir le laghdú carbóin. Rinneadh ionadaíocht ar an Údarás ag Fóram Fuinnimh na hEarnála Poiblí 2020 agus is mór aige na deiseanna go léir atá ar fáil chun bearta a aithint le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh ar thionscnaimh ghlasa.

Bhí na nósanna imeachta cuí go léir i bhfeidhm laistigh den Údarás in 2020 chun úsáid fuinnimh a bhainistiú, lena n-áirítear:

- Lean an tÚdarás lena iarracht chun úsáid fuinnimh a laghdú agus tá roinnt tionscnamh bunaithe chun baill foirne a spreagadh chun an staighre a úsáid nuair is féidir, agus lena chinntiú go múchtar an trealamh leictreach cuí agus na soilse agus an teas ag deireadh an lae.

- Tá uaineadóirí feistithe ar théitheoirí uisce agus ar an gcoire uisce agus cuidíonn siad le hídiú fuinnimh a laghdú i gcónaí.
- Cuireadh “Foireann Ghlas” le chéile roimhe seo chun feabhsuithe a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm ach is beag an deis a bhí ag an bhfoireann tuilleadh athruithe a chur chun cinn in 2020 mar gheall ar COVID-19.
- Tá an fhoireann go léir ag obair go cianda anois le freastal ar an oifig ceadaithe in imthosca eisceachtúla amháin. Laghdaíodh riachtanais fuinnimh an Údaráis go suntasach mar gheall ar áitíocht laghdaithe in áitreabh an Údaráis. Ní úsáidtear soilsiú ach nuair a bhíonn ball foirne i láthair san oifig agus san áit atá in úsáid amháin. Chuir laghdú mór ar úsáid printéirí, fótachóipeálaithe agus ríomhairí le húsáid níos lú cumhachta san oifig. Tá lorg carbóin laghdaithe ag eascairt as níos lú taistil do bhaill foirne atá ag obair go cianda.
- Mar gheall gur fhoirgneamh roinnte atá in úsáid ag an Údarás, níl sonraí ar leith faoi choigilteas fuinnimh in áitreabh an Údaráis in 2020 ar fáil faoi láthair.
- Cuirtear ídiú fuinnimh an Údaráis san áireamh sa tuarascáil bhliantúil a sholáthraíonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais d’Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann.

**Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Póilíneachta:**

**Tríd an bPost:** An tÚdarás Póilíneachta
An 4ú hUrlár
90 Sráid an Rí Thuaidh
D07 N7CV

**Ar an teileafón:** +353 18589041
**Tríd an ríomhphost:** info@policingauthority.ie
**Ar an suíomh idirlín:** www.policingauthority.ie